



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Feabhra 2015  
(OR. ga)

15581/2/14  
REV 2 (de,el,es,fi,sv,cs,sk,sl,bg,ro,ga)

GENVAL 70  
COPEN 286  
DROIPEN 134  
EUROJUST 198  
ENFOPOL 362  
JAI 878  
COHOM 156  
RELEX 932

#### **NÓTA CUMHDAIGH**

---

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Na Toscaireachtaí
Ábhar:	Straitéis Líonra AE um Chinedhíothú chun cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós i gcoir an chinedhíothaithe, i gcoireanna in aghaidh na daonnachta agus i gcoireanna cogaidh, laistigh den Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo "Straitéis Líonra AE um Chinedhíothú chun cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós i gcoir an chinedhíothaithe, i gcoireanna in aghaidh na daonnachta agus i gcoireanna cogaidh, laistigh den Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát".

Cuirfidh Ceann Ardrúnaíocht an Líonra um Chinedhíothú an straitéis i láthair ag cruinniú GENVAL an 21 Samhain 2014.

**Straitéis Líonra AE um Chinedhíothú chun cur  
i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós i gcoir an  
chinedhíothaithe, i gcoireanna in aghaidh na  
daonnachta agus i gcoireanna cogaidh, laistigh den  
Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát**

An Háig, Deireadh Fómhair 2014

## CLÁR

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN .....	3
COIMRIÚ AR NA MOLTAÍ .....	6
CAIBIDIL a hAON: BALLSTÁIT AE AGUS BUNCHOIREANNA IDIRNÁISIÚNTA .....	8
1.1 Bunchoireanna idirnáisiúnta ina ndúshlán don Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát.....	8
1.1.1 An nasc idir bunchoireanna idirnáisiúnta agus na Ballstáit .....	8
1.1.2 Cé atá freagrach as na coireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh?.....	10
1.2 An oibleagáid atá ar Bhallstáit bunchoireanna a imscrúdú agus a ionchúiseamh.....	12
1.2.1 Bunchoireanna idirnáisiúnta a chur chun feidhme sa reachtaíocht náisiúnta.....	13
1.3 Na dúshláin a bhaineann le bunchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh .	14
1.3.1 An chastacht fhíorasach .....	14
1.3.2 An chastacht dhlíthiúil .....	20
CAIBIDIL A DÓ : AN TIOMANTAS GO gCUIRFEAR I gCOINNE DAOINE BHEITH AG DUL SAOR Ó PHIONÓS LAISTIGH DEN AONTAS EORPACH AGUS DÁ CHUID BALLSTÁT .....	23
2.1 Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.....	23
2.1.1 Ról an Líonra .....	24
2.2 Ar leibhéal na mBallstát.....	25
2.2.1 Torthaí ar leibhéal na mBallstát agus comhaltaí an Líonra.....	29
CAIBIDIL 3: TACAR BEART CHUN TACÚ LE BUNCHOIREANNA IDIRNÁISIÚNTA A IMSCRÚDÚ AGUS A IONCHÚISEAMH AR BHONN NÁISIÚNTA.....	32
Beart 1: Aonaid speisialaithe a bhunú, a fhorbairt agus a chur chun cinn .....	33
Beart 2: Bac a chur ar thearmainn a bheith ar fáil trí chásanna agus faisnéis is ábhartha do chásanna a shainaithint ar bhealach níos fearr .....	34
Beart 3: Córas éifeachtach comhair a chur ar bun .....	37
Beart 4: Feabhas a chur ar an reachtaíocht a bhaineann le himscrúdú, ionchúiseamh agus cúnamh dlíthiúil frithpháirteach.....	40
Beart 5: An Líonra a thógáil mar lárionad saineolais agus é a chur chun cinn laistigh d'fhóiraim an Aontais Eorpaigh agus ar fud an domhain .....	41
Beart 6: Tiomantas athnuaite an Aontais Eorpaigh .....	42
Beart 7: Acmhainní a fhorbairt agus feasacht a mhúscailt i measc na n-údarás náisiúnta ábhartha .....	43
Beart 8: Cearta íospartach agus finnéithe na mbunchoireanna idirnáisiúnta, tacú leo agus iad a chosaint .....	44

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Chuir an tAontas Eorpach (AE) a thiomantas in iúl maidir le comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a mbeartas seachtrach agus inmheánach a áirithiú agus é ag cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós i gcoir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh ('bunchoireanna idirnáisiúnta').<sup>1</sup> Laistigh dá bheartas Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB), féachann an tAontas le cuidiú leis na húdaráis náisiúnta sna Ballstáit agus iad i mbun na coireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh lena áirithiú nach mbeidh an tAontas ina thearmann do dhéantóirí coireanna.<sup>2</sup>

Mar chuid den tiomantas sin, in 2002, ghlac Comhairle AE (an'Chomhairle') Cinneadh 2002/494/CGB maidir le 'Líonra Eorpach de phointí teagmhála i ndáil le daoine atá freagrach as cinédhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh' ( an'Líonra um Chinedhíothú' nó an 'Líonra') a bhunú. Tagann an Líonra um Chinedhíothú le chéile dhá uair sa bhliain agus glacann ionchúisitheoirí, imscrúdaitheoirí de chuid na bpóilíní agus saineolaithe eile ('pointí teagmhála') ó na Ballstáit uile páirt ann. In 2003, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2003/335/CGB ón gComhairle, a ceapadh leis an gcomhar idir na póilíní agus na seirbhísí ionchúisimh a mhéadú, rud a neartódh a mhéid is féidir cumas údaráis fhorfheidhmiú an dlí i mBallstáit dhifriúla comhoibriú lena chéile chun déantóirí líomhnaithe bunchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Leis an Líonra cuidítear le cur chun feidhme an Chinnidh sin trí mhalartú faisnéise idir cleachtóirí a éascú, an comhar a spreagadh idir údaráis náisiúnta sna Ballstáit éagsúla agus fóram a sholáthar chun an dea-chleachtas a roinnt. Ó 2011 i leith tugann an Ardrúnaíocht atá lonnaithe le Eurojust sa Háig tacaíocht d'obair an Líonra um Chinedhíothú.

Is bunchloch faoi láthair iad tionscnaimh sin an Aontais den tiomantas atá ag CBG an Aontais cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós. Is rannchuidiú ríthábhachtach iad le hiarrachtaí na mBallstát a bhrú ar aghaidh chun déantóirí na gcoireanna sin a thabhairt chun cuntais. Tá na Ballstáit i dtús cadhnaíochta ag cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós sna coireanna sin, beag beann ar an áit ina ndearnadh iad, nó cé a rinne iad nó cé ina n-aghaidh a rinneadh iad.

---

<sup>1</sup> Úsáidfean an téarma 'bunchoireanna idirnáisiúnta' tríd síos sa pháipéar seo chun tagairt do na coireanna idirnáisiúnta sin a chuimsítear faoi shainordú an Líonra .i. coir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh. Roinnt mhaith de na hábhair a luaitear i "Straitéis Líonra AE um Chinedhíothú chun cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós i gcoir an chinedhíothaithe, i gcoireanna in aghaidh na daonnachta agus i gcoireanna cogaidh, laistigh den Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát", aithnítear iad a bheith infheidhme freisin maidir le céasadh agus daoine a bheith ar iarraidh de thoradh fornirt mar choireanna ar leithligh iontu féin. I ndáil le céasadh agus daoine a bheith ar iarraidh de thoradh fornirt a imscrúdú agus a ionchúiseamh mar choireanna ar leithligh, is gné thábhachtach é sin den troid in aghaidh daoine bheith ag dul saor ó phionós.

<sup>2</sup> *Féach* Clár na Háige: deich dtosaíocht don chúig bliana atá romhainn amach. Comhpháirtíocht le haghaidh athnuachan na hEorpa i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, COM 2005, IO C 236 an 24 Meán Fómhair 2005, lch.11 , <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=IO:C:2005:053:0001:0014:GA:PDF>; agus Clár Stócólm, IO C 115/1 an 4 Bealtaine 2010, lch. 8, [http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52010XG0504\(01\)&from=GA](http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52010XG0504(01)&from=GA).

Dhaingnigh gach Ballstát conarthaí agus coinbhinsiúin éagsúla idirnáisiúnta lena gcuirtear iallach orthu a áirithiú go ndéanfar déantóirí bunchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a phionósú. Rinne roinnt Ballstát de réir mholadh an Aontais i gCinneadh 2003/335/CBG 'aonaid choireanna cogaidh' a bhunú ina bhfuil foireann speisialaithe a phléann le bunchoireanna idirnáisiúnta i ranna póilíneachta agus i ranna ionchúisimh na mBallstát, trína ndearnadh iliomad déantóirí bunchoireanna idirnáisiúnta a chiontú laistigh de na Ballstáit le blianta beaga anuas agus lenar cuireadh os ard go follasach nach gcuireann an tAontas ná na Ballstáit suas le daoine bheith ag dul saor ó phionós sna coireanna den sórt sin.

Ag an am céanna, d'fhéadfaí tuilleadh a dhéanamh ar leibhéal AE agus na mBallstát chun cur chuige comhleanúnach agus éifeachtach ar fud an Aontais a chur ar fáil d'fhonn cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós. Mar a léirítear níos mine anseo thíos, le cur chuige mar sin chothófaí comhar agus malartú faisnéise níos mó ar leibhéal náisiúnta agus AE, bhunófaí aonaid speisialaithe i níos mó Ballstát agus gheofaí breis tacaíochta ón Aontas d'údaráis náisiúnta chun go méadófaí an líon Ballstát atá ag cur go gníomhach i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós.

Ina fhianaise sin, bhunaigh pointí teagmhála an Líonra Tascfhórsa chun an obair a thaighde agus céimeanna a mholadh lena bhféadfaí cur i gcoinne, ar bhealach níos éifeachtaí, daoine bheith ag dul saor ó phionós laistigh den Aontas.<sup>3</sup> Measadh don Líonra freisin go bhféadfadh ionstraim nua, amhail Plean Gníomhaíochta AE maidir le daoine bheith ag dul saor ó phionós, a bheith ina huirilis thábhachtach chun an comhar agus forbairt an dea-chleachtais a spreagadh ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach trína bhféadfaí imscrúduithe agus ionchúisimh a fheabhsú.<sup>4</sup>

Mar chéad chéim, dhréachtaigh Tascfhórsa an Líonra an "Straitéis Líonra AE um Chinedhíothú chun cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós i gcoir an chinedhíothaithe, i gcoireanna in aghaidh na daonnachta agus i gcoireanna cogaidh, laistigh den Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát". Bhí deis ag na pointí teagmhála go léir, mar aon le saineolaithe na sochaí sibhialta, ionchur a chur ar fáil i gcomhréir lena saineolas agus lena dtaithí. Tá an Straitéis bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus an dea-chleachtas a shainaithin ionchúisitheoirí, imscrúdaitheoirí de chuid na bpóilíní agus saineolaithe eile, chomh maith le hidirphlé agus conclúidí 16 chruinniú an Líonra le dhá bhliain déag anuas.

Moltar sa Straitéis gur cheart go nglacfadh institiúidí AE agus na mBallstát tacar cuimsitheach beart chun cuidiú le húdaráis náisiúnta cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós, le déantóirí coireanna a thabhairt chun cuntais agus le go bhfaighidh íospartaigh a gcearta os comhair cúirte. Trí phointí teagmhála an Líonra ar leibhéal náisiúnta agus tríd an Ardrúnaíocht<sup>5</sup> ar leibhéal an Aontais, bainfear leas as an Straitéis mar chreat oibre chun forbairt leanúnach an Líonra a threorú sna blianta atá romhainn agus chun taobhú le rannpháirtíocht níos mó ón Aontas agus ó na Ballstáit.

<sup>3</sup> Is comhdhéanamh de chúig phointe teagmhála atá i dTascfhórsa an Líonra (trí ionchúisitheoir poiblí, oifigeach póilíneachta amháin, agus oifigeach amháin ó CDF .i. Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach). Réachtálann sé roinnt mhaith cruinnithe agus tacaíonn Ardrúnaíocht an Líonra leis.

<sup>4</sup> Féach 'Treisiú le hiarrachtaí chun cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós i gcoireanna tromchúiseacha idirnáisiúnta laistigh den Aontas agus de na Ballstáit - gníomhú athnuaite i réimse an Cheartais agus Ghnóthaí Baile', 16340/13 GENVAL 13, an 19 Samhain 2013, agus 'Achoimre ar Phlé', 17164/13 ó Chomhairle AE GENVAL 87, an 4 Nollaig 2013.

<sup>5</sup> Bunaíodh Ardrúnaíocht an Líonra um Chinedhíothú i mí Iúil 2011 i gcomhréir le hAirteagal 25a de Chinneadh 2009/426/CGB ón gComhairle maidir le Eurojust a threisiú agus lena leasaítear Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle lena mbunaítear Eurojust agus é mar aidhm an troid i gcoinne coireanna tromchúiseacha a threisiú. Tá an Rúnaíocht ina cuid d'fhoireann Eurojust agus feidhmíonn sí mar aonad ar leithligh.

Déanfaidh an Lónra an Straitéis a athbhreithniú agus a mheas ar bhonn rialta chun athruithe agus forbairtí leanúnacha a léiriú de réir mar a mhúsclaítear feachtas faoin ngá atá le cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós.

Dá réir sin, tá cuspóir dubailte leis an straitéis seo:

1. Ar leibhéal AE, treisiú le rannpháirtíocht AE sa troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós i mbunchoireanna idirnáisiúnta agus tacaíocht níos mó a thabhairt do na Ballstáit. Iarrfaidh an Rúnaíocht, le tacaíocht ó phointí teagmhála, ar na hinstiúidí ábhartha agus ar na cinnteoirí ábhartha, feachtas a mhúscailt faoi na dúshláin a bhíonn os comhair údarais náisiúnta an cheartais choiriúil agus bunchoireanna idirnáisiúnta á n-imscrúdú, á n-ionchúiseamh agus á bpionósú acu agus dea-chleachtas a roinnt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.
2. Ar leibhéal na mBallstát, cuidiú le cleachtas na n-údarais náisiúnta cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós ar leibhéal náisiúnta, agus an cleachtas a fhorbairt más gá, trí bhearta nithiúla a shainaithint lena dtacófar le húdarais náisiúnta bunchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, cuirfidh an Lónra an Straitéis seo i láthair do ghrúpaí oibre ábhartha AE, lena n-áirítear an Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta agus Meastóireachtaí (GENVAL), maille le hiarraidh go n-oibreoidh GENVAL i dtreo Conclúidí ó Chomhairle CGB maidir le tiomantas AE agus na mBallstát cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós i mbunchoireanna idirnáisiúnta agus, ar an gcaoi sin, aird na n-Airí a tharraingt ar an gcás. Rachaidh an Lónra freisin i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach le go neartóidh sé tiomantas a bheartais cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós. Áiritheoidh na pointí teagmhála náisiúnta, a mhéid is féidir, go gcuirfear an Straitéis in iúl do na cinnteoirí náisiúnta ábhartha agus go bpléifear leo í. Tá idirphlé náisiúnta den sórt sin ar leibhéal náisiúnta rithábhachtach mar bhealach chun an cumas náisiúnta cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós a threisiú agus féadann sé cuidiú na Ballstáit a ghríosú chun an gá atá le tuilleadh rannpháirtíochta ón Aontas a chur i bhfáth laistigh de na fóraim éagsúla san Aontas.

Leis an Straitéis, leagtar béim ar na comhthéacsanna éagsúla ina dtéann na Ballstáit i ngleic le bunchoireanna idirnáisiúnta, agus ar na bearta a glacadh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát go nuige seo. Leis an Straitéis cuirtear in iúl freisin na dúshláin a leagtar os comhair imscrúdaitheoirí, ionchúisitheoirí agus údarais eile i dtaca le coireanna idirnáisiúnta a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a phionósú agus leagtar béim freisin inti ar an dea-chleachtas a sainaithníodh san am atá thart chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Is éard a bheidh sa chuid deiridh den Straitéis tacar beart chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht imscrúduithe agus ionchúisimh náisiúnta, chomh maith le roinnt moltaí comhlántacha d'institiúidí AE, do na Ballstáit, do na Pointí Teagmhála Náisiúnta agus do Rúnaíocht an Lónra.

## COIMRIÚ AR NA MOLTAÍ

### D'institiúidí AE:

- Acmhainní iomchuí a áirithiú chun an Líonra a fhorbairt mar lárionad saineolais agus é a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh d'*fhórait* an Aontais agus laistigh díobh.
- A dtiomantas a athdhearbhú i leith cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós trí mheasúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le maoiniú breise a thabhairt don Líonra agus maidir le húdaráis náisiúnta dul i mbun aonaid speisialaithe a bhunú, agus maidir le gníomhaíochtaí oiliúna agus forbairt acmhainne.
- Cur chun feidhme Chinneadh 2002/494/CGB agus Cinneadh Chomhairle 2003/335/CGB a mheas go foirmiúil agus éisteacht bhliantúil a eagrú maidir le cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós laistigh den Aontas, arb éisteacht í a bheidh ar siúl i bParlaimint na hEorpa.
- An t-ábhar a chur ar an gclár oibre polaitiúil agus é á aithint gur modh bunriachtanach é an maoiniú leis na húdaráis náisiúnta agus an tsochaí shibhialta a chumasú chun an troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós a chomhtháthú go héifeachtúil; chun tuiscint ar an dlí coiriúil idirnáisiúnta agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a fhorbairt; cur le feasacht an phobail maidir lena riachtanaí atá sé cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós.
- Leasú a dhéanamh ar shainordú Eurojust agus Europol chun bunchoireanna idirnáisiúnta a chur san áireamh ann.
- Plean Gníomhaíochta a ullmhú maidir le cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós laistigh den Aontas.

### Maidir leis na Ballstáit:

- An reachtaíocht intíre maidir le bunchoireanna idirnáisiúnta a athbhreithniú agus, más gá, í a leasú d'fhonn a áirithiú go léireofar oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta inti agus nach bhfuil aon díolúine mhíchúí á cur ar fáil do dhaoine aonair.
- Aonaid speisialaithe laistigh de na seirbhísí póilíneachta agus ionchúisimh a bhunú; agus straitéis náisiúnta agus córais náisiúnta comhair a fhorbairt chun cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó bhunchoireanna idirnáisiúnta.
- Laistigh dá ranna inimirce, áiritheofar go mbeidh comhaltaí foirne oilte mar is cuí, go bhforbrófar dea-chleachtas, agus go mbeidh an fhaisnéis a sheoltar ó údaráis inimirce chuig údaráis fhorfheidhmiú an dlí éifeachtach, agus oibleagáid shonrach orthu a chur in iúl d'údaráis fhorfheidhmiú an dlí i gcás ina mbíonn plé acu le cásanna 1F.
- Cumarsáid a fheabhsú idir na Ballstáit, mar shampla trí leas a bhaint as foirne comhpháirteacha imscrúdaithe (JITanna), i gcás inarb iomchuí; tacú leis an tionscnamh maidir le creat domhanda comhair idir na Ballstáit.
- Malartú éifeachtach faisnéise a áirithiú laistigh de ranna stáit, go háirithe i measc imscrúdaitheoirí, ionchúisitheoirí agus na n-údarás atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar shócmhainní a chalcadh agus a choigistiú, as trádáil nó bac ar thaisteal.
- Úsáid an Líonra agus Rúnaíocht an Líonra a leathnú tríd an iliomad pointí teagmhála náisiúnta a ainmniú ag a bhfuil taithí agus saineolas san ionchúiseamh, san imscrúdú coiriúil agus sa chúnamh dlíthiúil frithpháirteach(CDF).

- Peirspictíochtaí íospartach a chomhtháthú ina gcuid straitéisí imscrúdaithe agus ionchúisimh ó thús an chásdlí chun cothroime na n-imeachtaí agus cothroime an tionchair ar íospartaigh agus ar phobail a ndearnadh dochar dóibh a áirithiú, agus faisnéis a chur ar fáil d'íospartaigh maidir lena gcearta agus a socruithe chun cosanta.
- Feasacht an phobail a chruthú maidir leis an ngá atá le cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós agus maidir leis na himscrúduithe agus na hionchúisimh a ghabhann leis na bunchoireanna idirnáisiúnta.

### **Maidir le Pointí Teagmhála Náisiúnta:**

- Faisnéis i ndáil leis na hábhair a pléadh ag an Liónra a scaipeadh i measc comhaltaí eile de chuid na seirbhísí ionchúisimh agus seirbhísí fhorfheidhmiú an dlí agus i measc na n-údarás náisiúnta ábhartha eile, amhail seirbhísí inimirce ar an leibhéal náisiúnta.
- Faisnéis a thabhairt do chinnteoirí agus don phobal i ndáil le himscrúduithe agus ionchúisimh na ndaoine atá freagrach as bunchoireanna idirnáisiúnta.
- Gníomhú mar phointe cumarsáide do chleachtóirí agus faisnéis a sheoladh ar ais chuig an Liónra.

### **Maidir le Rúnaíocht an Liónra:**

- Iarrachtaí na n-údarás náisiúnta a éascú trí leathnú ar fheidhm roinnt na faisnéise chun go bhféadfar na cleachtais is fearr, na dlíthe is infheidhme, na hionchúisimh agus na himscrúduithe leanúnacha a mhalartú tuilleadh.
- Cúnamh a thabhairt do na Ballstáit i mbunú agus i gcur chun cinn aonad speisialaithe.
- An comhar agus comhordú iarrachtaí a éascú chun déantóirí na gcoireanna a thabhairt os comhair na cúirte agus saineolas ábhartha a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta.
- Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a chur ar fáil lena léirítear an fhaisnéis maidir leis na himscrúduithe agus na hionchúisimh a rinneadh ar dhéantóirí bunchoireanna idirnáisiúnta.
- Meithleacha na Comhairle a chur ar an eolas go rialta, lena n-áirítear an Mheitheal um an Dlí Idirnáisiúnta Poiblí (COJUR), an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (CCI) fo-limistéar na Meithle um an Dlí Idirnáisiúnta Poiblí (COJUR-ICC), an **Coiste Comhordúcháin i réimse an chomhair phóilíneachta agus bhreithiúnais in ábhair choiriúla (CATS)**, an Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta agus Meastóireachtaí (GENVAL), agus grúpaí oibre réigiúnacha.



## CAIBIDIL A HAON: NA BALLSTÁIT AGUS BUNCHOIREANNA IDIRNÁISIÚNTA

### 1.1 Bunchoireanna idirnáisiúnta ina ndúshlán don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit

Cailleadh thart ar dhá chéad milliún duine, go díreach nó go neamhdhíreach, mar thoradh ar fhoréigean comhpháirteach stát-tionscanta sa fichiú haois<sup>6</sup> agus rinneadh bunchoireanna idirnáisiúnta le blianta beaga anuas ar fud cúig ilchríoch éagsúla. Is minic a dhéantar coireanna den sórt sin le linn tréimhsí coibhleachta armtha nó géarchéimeanna sibhialta, go mbíonn déantóirí coireanna gan áireamh i dtreis, iliomad finnétithe agus na céadta íospartach nó na mílte, fiú amháin, agus an bhrúidiúlacht fhoircneach as éadan ag gabháil leo.

Coir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh: 'Is ainghníomhartha doshamhlaithe iad a chuireann uafás agus uafar ar choinsias an duine' agus meastar iad a bheith 'ina mbagairt ar an tsíocháin, an tslándáil agus folláine an domhain'.<sup>7</sup> Leis an bhforbairt a rinneadh ar an dlí coiriúil idirnáisiúnta, le bunú na mbinsí ad hoc sna 1990í agus ina dhiaidh sin bunú ICC, léiríodh a thromchúisí atá na coireanna sin agus an gá atá le freagairt láidir i gcoinne déantóirí bunchoireanna idirnáisiúnta. Níl an troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós, áfach, teoranta do bhunaíochtaí idirnáisiúnta, agus, is é fírinne an scéil, gur ar na Ballstáit iad féin atá an phríomhoibleagáid déantóirí na gcoireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

#### 1.1.1 An nasc idir bunchoireanna idirnáisiúnta agus na Ballstáit

In ainneoin dearcadh ginearálta an phobail gur i bhfad ó bhaile a dhéantar bunchoireanna idirnáisiúnta, is léir ón taithí a fuarthas go nuige seo go bhfuil naisc dho-shéanta ag na coireanna sin, ag a ndéantóirí agus a gcuid sócmhainní, ag íospartaigh agus finnétithe leis na Ballstáit. Rinneadh bunchoireanna idirnáisiúnta ar chríoch na mBallstát, mar shampla le linn an Dara Cogadh Domhanda agus le fiche nó tríocha bliain anuas freisin. Bhí náisiúnaigh de chuid na mBallstát bainteach leo freisin, cibé acu mar íospartaigh nó mar dhéantóirí coireanna. Bunaítear nasc eile idir bunchoireanna idirnáisiúnta agus na Ballstáit i gcás ina mbíonn náisiúnaigh tríú Stáit a bhí páirteach i mbunchoireanna idirnáisiúnta i láthair i gcríoch Ballstáit, bíodh siad ina gcuariteoirí, ina n-iarrthóirí tearmainn nó ina gcónaitheoirí.

#### *An Chríoch*

Go deimhin, rinneadh coir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh laistigh de chríoch na mBallstát féin. Bíonn ar na húdaráis náisiúnta plé

<sup>6</sup> A. Smeulers agus F. Grunfeld, *International Crimes and other Gross Human Rights Violations: a multi- and interdisciplinary textbook*, Antuairp, 2011, Intersentia, Réamhrá, lch. XIIV.

<sup>7</sup> Féach Aithris 2 agus Aithris 3 de Reacht na Róimhe ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

go fóill féin le hainghníomhartha ollmhóra, amhail coirpigh amhrasta chogaidh de chuid na Naitsithe ón Dara Cogadh Domhanda<sup>8</sup> agus le réimis ollsmachtacha Chumannacha ón gCogadh Fuar.<sup>9</sup> Le haontachas na Cróite leis an Aontas le gairid rinneadh críoch AE a mhéadú freisin, críoch ina ndearnadh coireanna le fiche nó tríocha bliain anuas agus ina bhfuil imscrúduithe agus ionchúisimh ar siúl go fóill.

### *Náisiúnaigh de chuid na mBallstát*

Féadann náisiúnaigh de chuid na mBallstát a bheith bainteach freisin le bunchoireanna idirnáisiúnta mar dhéantóirí,<sup>10</sup> mar íospartaigh<sup>11</sup> nó mar fhinnéithe, beag beann ar shuíomh geografach na gcoireanna. In éagmais daoine nádúrtha, d'fhéadfadh daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas Eorpach a bheith bainteach le coireanna idirnáisiúnta a rinneadh thar lear, le tacú leo, le bheith rannpháirteach iontu nó le brabús a dhéanamh astu<sup>12</sup>. Is féidir le Ballstáit dlínse a fheidhmiú ar dhéantóirí na gcoireanna sin i ngeall ar a náisiúnaigh a bheith bainteach leo mar íospartaigh nó mar fhinnéithe nó toisc gur éascaigh a náisiúnaigh nó a gcuideachtaí déanamh na gcoireanna laistigh de chríoch AE.

### *Náisiúnaigh tríú Stát*

Déantar formhór na mbunchoireanna idirnáisiúnta i gcríocha tríú Stát. Mar sin féin, féadfaidh déantóirí coireanna, finnéithe agus íospartaigh dul isteach i gcríoch an Aontais mar chuairteoirí trí iarratais ar víosaí nó mar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (.i. iarrthóirí tearmainn). Is é an cás deireanach sin go háirithe atá ábhartha toisc go ndéantar bunchoireanna idirnáisiúnta go minic i gcomhthéacs na coinbhleachta armtha nó mar thoradh ar chliseadh córasach an smachta reachta agus an oird phoiblí.

---

<sup>8</sup> Féach an cásdlí a bhí ann le gairid a bhaineann le coirpeach amhrasta de chuid na Naitsithe a eiseachadadh idir an tSlóvaic agus an Ungáir ag <http://www.theguardian.com/world/2013/aug/12/laszlo-csatary-dead-hungary-auschwitz>. Cuireadh deireadh leis an gcás sin toisc gur cailleadh László Lajos Csatáry an 12 Lúnasa 2013, <http://www.bbc.com/news/world-europe-23664226>.

<sup>9</sup> Féach an cásdlí a bhí ann le gairid a bhaineann le ciontú iar-Aire de chuid na hUngáire i gcoireanna cogaidh i 1956, ag <http://www.bbc.com/news/world-europe-27398373>.

<sup>10</sup> *Mar shampla*, rinne an Ísiltír dhá fhear gnó de chuid na hÍsiltíre a bhfuil amhras fúthu go raibh baint acu le coireanna cogaidh san Iaráic agus sa Libéir, faoi seach, a imscrúdú agus a thriail. Féach <https://www.om.nl/onderwerpen/international-crimes-0/what-cases-have-been/iraq/> agus <https://www.om.nl/onderwerpen/international-crimes-0/what-cases-have-been/liberia/>. I gcásanna áirithe, tháinig daoine chuig an Aontas mar iarrthóirí tearmainn agus fuair siad saoránacht i mBallstát níos déanaí. Ar an dóigh sin, rinneadh saoránaigh díobh san idirthréimhse sin tar éis dóibh na coireanna a dhéanamh agus an tréimhse sin inar dúisíodh amhras fúthu. Féach freisin cás na hÍsiltíre le déanaí i gcoinne Yvonne N ag <https://www.om.nl/onderwerpen/international-crimes-0/what-cases-have-been/rwanda/>.

<sup>11</sup> *Mar shampla*, rinneadh Major Bernard Ntuyahaga a imscrúdú agus a thriail sa Bheilg i ngeall ar a rannpháirtíocht i ndúnmarú deichniúr de lucht síochánaíochta NA nuair a bhí Cinedhíothú Ruanda ar siúl, féach <http://www.theguardian.com/world/2007/jul/05/rwanda.angeliquechrisafis>. Ina theannta sin, i ngeall ar thurnamh eitleán MH17 le gairid os cionn na hÚcráine, arbh eitleán sibhialach é, tionscnaíodh imscrúdú idirnáisiúnta maidir le coireanna cogaidh. Bhí tromlach íospartaigh na coire líomhnaithe sin ina náisiúnaigh de chuid na mBallstát. Féach <http://www.reuters.com/article/2014/07/21/us-ukraine-crisis-dutch-idUSKBN0FQ15620140721> agus <https://www.om.nl/algemeen/english/@86120/joint-investigation/>.

<sup>12</sup> *Mar shampla*, rinne an Ísiltír rannpháirtíocht na cuideachta Lima Holding B.V. de chuid na hÍsiltíre a imscrúdú, i ngeall ar í a bheith bainteach, de réir dealraimh, leis an mbac Iosraelach agus le suíomh tionsclaíoch a thógáil ar an mBruach Thiar, <http://www.om.nl/onderwerpen/internationale/map/concerning/>. Fairis sin, thionscain an Eilvéis imscrúdú i gcás Argos Heraeus, ceann de na scagairí óir is mó ar domhan, i dtaca lena bheith comhpháirteach i gcoireanna cogaidh agus sciúradh airgid maidir le foinsí óir ó ghrúpa armtha i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, <http://www.reuters.com/article/2013/11/04/congo-gold-idUSL5N0IP29K20131104>.

Dá bhrí sin, féadfaidh na daoine sna tíortha atá thíos leis teitheadh óna dtíortha dúchais agus dul isteach i gcríoch AE. Tá méadú suntasach tagtha ar an líon náisiúnach tríú tíre atá ag lorg tearmainn san Aontas le blianta beaga anuas, agus líon na n-iarratas ar thearmann ag 435,000 in 2013.<sup>13</sup> B'fhéidir nach dtabharfar roinnt déantóirí bunchoireanna idirnáisiúnta faoi deara le linn an phróisis, agus dá bhrí sin is féidir leo a n-iarratas tearmainn a chur i gcrích go rathúil. Féadfar stádas dídeanaí a dhiúltú do dhaoine eile ar chúiseanna áirithe, lena n-áirítear Airteagal 1F de Choinbhinsiún na Ginéive i dtaobh Stádas Dídeanaithe.<sup>14</sup>

Féadfar roinnt de na daoine a bhfuil amhras fúthu a eiseachadadh chun dul os comhair na Cúirte lasmuigh den Aontas, ach mar sin féin, de bharr phrionsabal an *non-refoulement*,<sup>15</sup> nó go simplí ceal creat dlí iomchuí don eiseachadadh, fanfaidh roinnt daoine laistigh de chríoch na mBallstát. Sa chás deiridh sin, agus i gcomhréir le rialacha dlínse difriúla, iarrtar ar na húdaráis náisiúnta faoi na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá acu, déantóirí líomhnaithe coire atá i láthair ar a gcríocha nó a bhfuil cónaí orthu ar a gcríocha a ionchúiseamh.<sup>16</sup>

Saincheist eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn, baineann sé leis na ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le díolúine do thaidhleoirí, d'oifigigh rialtais nó d'ionadaithe eile a bhféadfadh páirt a bheith acu sna coireanna seo a dhéanamh.

Ar deireadh, má tá íospartaigh nó finnétithe i láthair, ar náisiúnaigh tríú Stáit iad, cruthaíonn sin an fhreagracht chun comhar breithiúnach a chothú le tríú Stáit nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Ar deireadh thiar thall, bíonn gá le comhar idir na Ballstáit agus tríú Stáit chun déantóirí líomhnaithe bunchoireanna idirnáisiúnta a ionchúiseamh go cuí, de bharr gur minic a fhaightear finnétithe, íospartaigh agus déantóirí coire

---

<sup>13</sup> *Féach* tuarascáil Eurostat dar dáta an 24 Márta 2014, atá ar fáil ag [http://epp.eurostat.ec.europa.eu/cache/ITY\\_PUBLIC/3-24032014-AP/EN/3-24032014-AP-EN.PDF](http://epp.eurostat.ec.europa.eu/cache/ITY_PUBLIC/3-24032014-AP/EN/3-24032014-AP-EN.PDF).

<sup>14</sup> Déantar tagairt san Airteagal seo do na cásanna a bheartaítear in Airteagal 1F de Choinbhinsiún na Ginéive 1954 i dtaobh Stádas Dídeanaithe, ina luaitear an méid a leanas:

*'F. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Choinbhinsiúin seo maidir le haon duine a bhfuil cúiseanna troma ina leith gur fíor an méid thíos faoi:*

*(a) Rinne sé coir in aghaidh na síochána, coir chogaidh, nó coir in aghaidh na daonnachta, mar atá sainithe in ionstraimí idirnáisiúnta a dréachtaíodh chun foráil a dhéanamh i ndáil le coireanna den sórt sin;*

*(b) Rinne sé coir thromchúiseach neamhpholaitiúil lasmuigh den tír dídine roimh dó bheith ligthe isteach sa tír sin mar dhídeanaí;*

*(c) Bhí sé ciontach i ngníomh atá contrártha le cuspóirí agus le prionsabail na Náisiún Aontaithe.'*

<sup>15</sup> Is prionsabal é an *Non-refoulement* ón dlí idirnáisiúnta a chuireann cosc ar dhídeanaithe a aistriú go díreach nó go neamhdhíreach chuig críoch, áit a mbeadh 'a shaol nó a shaoirse faoi bhagairt mar gheall ar a chine, a reiligiún, a náisiúntacht, nó ós rud é go bhfuil sé mar chuid de ghrúpa sóisialta nó de thuairim pholaitiúil ar leith'. Ní bheidh feidhm ag an bprionsabal, áfach, má tá forais réasúnacha [an dídeanaí] a mheas mar dhuine a chuirfeadh slándáil na tíre i mbaoil áit a bhfuil sé [lonnaithe faoi láthair], nó, ós rud é go bhfuil sé ciontaithe i gcoir atá thar a bheith tromchúiseach le breithiúnas deiridh, go gcuireann an duine sin pobal na tíre sin i mbaoil.' Cumhdaítear an prionsabal sin in Airteagal 33 de Choinbhinsiún 1951 i dtaobh Stádas Dídeanaithe agus i bPrótacal 1967 a ghabhann leis.

<sup>16</sup> Déanann an prionsabal *aut dedere aut judicare* tagairt don oibleagáid dhlíthiúil atá ag na Stáit daoine a ionchúiseamh nó a eiseachadadh má dhéanann siad coireanna idirnáisiúnta tromchúiseacha. *Féach* an dualgas eiseachadadh nó ionchúiseamh a dhéanamh maidir le coir an chéasta: Ceisteanna a bhaineann leis an oibleagáid ionchúiseamh nó eiseachadadh a dhéanamh, *Féach*, An Bheilg v. an tSeineagáil, Breithiúnas, CBI GL Uimh 144, CBIJ 437 (ICJ 2012), 20 Iúil 2012, an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta [CBI], ar fáil ag <http://www.icjci.org/docket/files/144/17064.pdf>.

i ndlínsí éagsúla. Agus ar deireadh, féadfaidh na Ballstáit a bheith freagrach as cosaint agus/nó cúiteamh a chur ar fáil d'íospartaigh agus/nó d'fhinnéithe.

### *1.1.2 Cé atá freagrach as na coireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh?*

Is iad na Stáit atá freagrach don chuid is mó as coir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh a ionchúiseamh. Eascraíonn na hoibleagáidí seo as conarthaí idirnáisiúnta<sup>17</sup> agus as an dlí gnách, an-chuid díobh a deimhníodh le Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta inar aithin na Stáit Rannpháirteacha an oibleagáid atá ann cur i gcoinne déantóirí bunchoireanna idirnáisiúnta bheith ag dul saor ó phionós. Thairis sin, tá dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta srianta do líon beag cásanna sonracha, rud a chiallaíonn go mbeidh sé de chúram ar na húdaráis náisiúnta déantóirí bunchoireanna idirnáisiúnta a ionchúiseamh.

Seachas an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta bunaíodh na binsí idirnáisiúnta *ad hoc* uile ar mhaithe le cás ar leith, agus ní raibh siad in ann ach déantóirí coire a bhain leis an gcoinbhleacht sin a ionchúiseamh, ar an gcoinníoll gur comhlíonadh critéir bhreise freisin. Is í an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta an chéad chúirt idirnáisiúnta atá buan, agus cé nach bhfuil an sainordú atá aici chomh srianta i dtéarmaí geografacha, agus é sin ag leathnú go críoch na Stáit Rannpháirteach uile, is féidir teacht ar roinnt srianta eile maidir leis an gcumas atá aici dlínse a fheidhmiú. Ar an gcéad dul síos, cé go bhfuil 28 mBallstát ina bpáirtithe i Reacht na Róimhe, gan ach 122 Stáit Rannpháirteach ar fud an domhain,<sup>18</sup> ní fíor-chúirt domhanda í an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Tá dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, srianta, anuas air sin do chásanna a bhaineann le coireanna atá déanta

(1) ag náisiúnach Stát Rannpháirteach, nó

(2) i gcríoch Stát Rannpháirteach, nó

(3) má tharchuirtear cás go sonrach chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, nó

(4) más rud é go bhfuil feidhmiú dlínse glactha go sonrach ag Stát i ndáil le coir ar leith.<sup>19</sup>

Ina theannta sin, tá dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta srianta do choireanna a rinneadh tar éis 1 Iúil 2002;<sup>20</sup> do na bunchoireanna idirnáisiúnta sin a shainítear i Reacht na Róimhe (nach liosta cuimsitheach é mar a aithníonn foinsí eile den dlí coiriúil idirnáisiúnta<sup>21</sup>);

<sup>17</sup> Féach thíos roinn 1.2 den Straitéis seo maidir le hoibleagáidí na Stát.

<sup>18</sup> 122 Stáit Rannpháirteach amhail ón 17 Meán Fómhair 2014. Le haghaidh líon nuashonraithe, féach [http://www.icc-cpi.int/en\\_menus/asp/states%20parties/Pages/the%20states%20parties%20to%20the%20rome%20statute.aspx](http://www.icc-cpi.int/en_menus/asp/states%20parties/Pages/the%20states%20parties%20to%20the%20rome%20statute.aspx).

<sup>19</sup> Féach Airteagail 12-13 de Reacht na Róimhe ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

<sup>20</sup> In ainneoin sin, féadfaidh Stát dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a ghlacadh go haisghníomhach trí dhearbhu a chur isteach i gcomhréir le Airteagal 12(3) de Reacht na Róimhe.

<sup>21</sup> Mar shampla, shínigh 21 Ballstát an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um an Uile Dhuine a Chosaint óna bheith ar Iarraidh de thoradh Fornirt, agus rinne an Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Liotuáin, an Phortaingéil agus an Spáinn an Coinbhinsiún a dhaingniú. Thairis sin, tá na Ballstáit uile tar éis ceithre Choinbhinsiún na Ginéive a dhaingniú, lena bhforchuirtear oibleagáid dhearfach orthu maidir le hionchúiseamh nó le heiseachadadh, rud a théann thar a bhfuil ann faoi chuimsiú Reacht na Róimhe.

agus sa chuid is mó de chásanna, do na déantóirí coire, ar iad na daoine is mó freagracht'.<sup>22</sup> Níos tábhachtaí fós, ciallaíonn prionsabal na comhlántachta nach nglacann an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta dlínse ach amháin i gcásanna nach bhfuil na Stáit in ann nó toilteanach déanamh amhlaidh.<sup>23</sup> Ní mór ionchúiseamh éifeachtach a áirithiú, dá bhrí sin, trí bhearta a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta agus trí fheabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta.<sup>24</sup> Dá réir sin, tá dlínse ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta nó gabhfaidh sí uirthi féin an dlínse sin i líon an-bheag cásanna, agus tá sé de dhualgas ar na Stáit, ar an gcéad dul síos, iad siúd atá freagrach as bunchoireanna idirnáisiúnta a lorg, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

## 1.2 An oibleagáid atá ar Bhallstáit bunchoireanna a imscrúdú agus a ionchúiseamh

Tá forbairt tagtha ar na hoibleagáidí atá ar na Stáit bunchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh le dhá chéad bliain anuas, agus féadfar códú na rialacha is infheidhme i gcásanna coinbhleachta den sórt sin a rianú siar go dtí, *inter alia*, an Dearbhú i gCathair Pheadair 1868,<sup>25</sup> Coinbhinsiún na Háige 1899 agus 1907,<sup>26</sup> Conradh Versailles 1919, Cairteacha agus Binsí Míleata Nuremberg agus Tóiceo, Coinbhinsiún an Chinedhíothaithe 1948 agus Coinbhinsiún na Ginéive 1949 agus an dá Phrótacal Bhreise a ghabhann leo.

Ceadaítear do na húdaráis náisiúnta leis na foinsí seo a leanas ón dlí idirnáisiúnta, nó bíonn sé d'oibleagáid orthu uaireanta, iad siúd atá freagrach as bunchoireanna idirnáisiúnta a lorg, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, nó a eiseachadh, beag beann ar an áit ina ndéantar na coireanna sin, agus beag beann ar náisiúntacht an déantóra nó an íospartaigh:

- An Coinbhinsiún maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú 1948 (Airteagal 1, 5 agus 6)<sup>27</sup>
- Ceithre Choinbhinsiún na Ginéive 1949 (GC I, Airteagal 49; GC II, Airteagal 50; GC III, Airteagal 129; GC IV, Airteagal 146) agus na trí Phrótacal Breise (AP I, Airteagal 85)
- Coinbhinsiún na Háige 1954 um Maoin Chultúrtha a Chosaint i gCás Coinbhleachta Armtha (Airteagal 28) agus an dara Prótacal Breise a ghabhann leis (Airteagal 17(1))

<sup>22</sup> Féach Straitéis Ionchúisimh na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta 2009-2012, mír 34, atá ar fáil ag <http://www.icc-cpi.int/NR/rdonlyres/66A8DCDC-3650-4514-AA62-229D1128F65/281506/OTPProsecutorialStrategy20092013.pdf>; Plean Straitéiseach OTP 2012-2015, mír 22, ar fáil ag [http://www.icc-cpi.int/en\\_menus/icc/structure%20of%20the%20court/office%20of%20the%20prosecutor/policies%20and%20strategies/Documents/OTP-Strategic-Plan-2012-2015.pdf](http://www.icc-cpi.int/en_menus/icc/structure%20of%20the%20court/office%20of%20the%20prosecutor/policies%20and%20strategies/Documents/OTP-Strategic-Plan-2012-2015.pdf).

<sup>23</sup> Féach Airteagail 17(1)(a) de Reacht na Róimhe ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

<sup>24</sup> Féach Aithris 4 den Bhrollach a ghabhann le Reacht na Róimhe ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

<sup>25</sup> Dearbhú maidir le hÚsáid Diuracáin Pléascach a Thréigean, in Aimsir an Chogaidh, ar Diuracáin iad atá faoi 400 Ghram de Mheáchan, i gCathair Pheadair, an 29 Samhain/11 Nollaig 1868.

<sup>26</sup> Maidir le go leor de na rialacha atá i gCoinbhinsiún na Háige 1899 agus 1907, léirítear iontu, ar an uain sin, forálacha ó Chód Lieber (1863).

<sup>27</sup> Sa Tuairim Chomhairleach maidir le Forchoimeádais ar an gCoinbhinsiún maidir le Cinedhíothú an 28 Bealtaine 1951, chinn an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta go bhfuil 'na prionsabail atá mar bhonn taca don Choinbhinsiún a aithníonn náisiúin shibhialta mar oibleagáid a chuireann de cheangal ar na Stáit, fiú gan aon oibleagáid traidisiúnta', lena dtugtar an stádas 'dlí idirnáisiúnta gnách' ar an gCoinbhinsiún seo agus dá bhrí sin go mbeadh sé ceangailteach i gcás na mBallstát go léir.

- An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cinedheighilt a Dhíchur agus a Phionósú 1976 (Airteagal 4)
- Coinbhinsiún i gcoinne Céasta agus Íde nó Pionós eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach 1984 (Airteagal 5(2) agus Airteagal 7(1))
- Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 1998 (Aithris 4, Aithris 6 agus Aithris 10 den Bhrollach, Airteagal 1)
- An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um an Uile Dhuine a Chosaint óna bheith ar Iarraidh de thoradh Fornirt 2006 (Airteagail 3, 4, 6 agus 9 (2))
- An Dlí idirnáisiúnta gnách<sup>28</sup>

### *1.2.1 Bunchoireanna idirnáisiúnta a chur chun feidhme sa reachtaíocht náisiúnta*

Ní mór do chórais dhlí choiriúil náisiúnta na mBallstát a bheith i gcomhréir lena gcuid oibleagáidí faoi na conarthaí idirnáisiúnta agus a gcuid oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta gnách, mar a luaitear thuas. Gan reachtaíocht náisiúnta atá cothrom le dáta, cuirtear bac ar imscrúduithe agus ionchúisimh atá éifeachtach agus cuirtear isteach ar an gcomhar idir na Ballstáit freisin. Mar shampla, d'fhéadfadh Ballstát amháin CDF (Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach) a iarraidh maidir le coireanna i gcoinne na daonnachta agus ag an am céanna ní fhéadfadh an Ballstát iarrtha an iarraidh a fhorghníomhú de bharr nach bhfuil na coireanna sin ina chód coiriúil.<sup>29</sup> Má bhíonn trasuí uireasach i gceist, ina ionad sin, d'fhéadfaí trialacha a thionscnamh do choireanna nach bhfuil chomh tromchúiseach sin, amhail dúnmharú. Dá bhrí sin, féadfaidh trialacha a bheith srianta le constaicí amhail reacht na dtréimhsí nó easpa dlínse sheach-chríochach.

### *Coireanna cogaidh*

Tá an sainmhíniú ar choireanna cogaidh curtha chun feidhme sa reachtaíocht náisiúnta, agus sainmhíniú á thabhairt ag 25 Bhallstát ar raon feidhme na coireachta, agus foráil á déanamh le haghaidh dlínse uilíoch chun déantóirí coire atá i láthair ar a gcríocha a ionchúiseamh.

<sup>28</sup> Le haghaidh athbhreithniú níos cuimsithí ar an oibleagáid a bheith ann duine a ionchúiseamh nó a eiseachadh, féach Claire Mitchell, 'Aut Dedere, aut Judicare: An Clásal maidir le hEiseachadh nó le hIonchúiseamh sa Dlí Idirnáisiúnta.' In Iarscríbhinn 2 agus Iarscríbhinn 4 den pháipéar seo, déantar tagairt do roinnt Rún NA ina bhfógraítear go bhfuil an prionsabal seo tagtha ar an bhfód mar chuid den dlí idirnáisiúnta gnách. Ar fáil ag <http://iheid.revues.org/312>.

<sup>29</sup> Féach na tuarascálacha ón gComhghuaillíocht don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, *an Chairt ar Stádas maidir le Reacht na Róimhe a Dhaingniú agus a Chur Chun Feidhme, mar aon leis an gComhaontú ar Phribhléidí agus ar Dhíolúintí*, Feachtas Tacaíochta Domhanda don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, Bealtaine 2012, atá ar fáil ag [http://www.iccnw.org/documents/Global\\_Ratificationimplementation\\_chart\\_May2012.pdf](http://www.iccnw.org/documents/Global_Ratificationimplementation_chart_May2012.pdf), agus ó Amnesty International, *Dlínse Uilíoch* - Suirbhé tosaigh ar an reachtaíochta ar fud an domhain — Nuashonrú 2012, Deireadh Fómhair 2012, ar fáil ag <http://www.amnesty.org/en/library/asset/IOR53/019/2012/en/2769ce03-16b7-4dd7-8ea3-95f4c64a522a/ior530192012en.pdf>



Mar sin féin, níl aon sainmhíniú i mBallstát amháin, ar choireanna cogaidh faoina reachtaíocht náisiúnta atá ann faoi láthair, agus in dhá cheann eile níl an sainmhíniú cumhdaithe ach sa Chód Coiriúil Míleata.<sup>30</sup>

#### *Coireanna i gcoinne na daonnachta*

Maidir leis an reachtaíocht pheannaideach náisiúnta i gcás trí Bhallstát, ní thugtar sainmhíniú ar choireanna i gcoinne na daonnachta, ní dhéantar tagairt dóibh ná níl sí ag luí go hiomlán le Reachtaíocht na Róimhe.<sup>31</sup>

#### *Cinedhíothú*

Tá an sainmhíniú ar choir an chinedhíothaithe curtha chun feidhme sa reachtaíocht náisiúnta i ngach Ballstát.

### **1.3 Dúshlán a bhaineann le bunchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh**

Tá an-chuid dúshlán i gceist d'imscrúdaitheoirí agus d'ionchúisitheoirí le coir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh. Seasann na coireanna sin amach ó fhormhór na coireanna intíre leis an gcastacht dlí a bhaineann leo, agus mar thoradh air sin, bíonn dúshlán uathúla ann d'imscrúdaitheoirí, agus cuirtear leis na dúshlán sin ós rud é gur minic a dhéantar na himscrúduithe sin lasmuigh den Aontas. Dá réir sin, d'fhéadfadh nach mór foirne speisialaithe a chur chuig tríú Stát chun fianaise a bhailiú, eolas a fháil faoin láthair coire, nó agallamh a dhéanamh le finnéithe. Leis an gcastacht dlí a bhaineann leo, cruthaítear dúshlán ar leith do na húdaráis náisiúnta atá ag iarraidh dlínse a bhunú chun iad siúd atá freagrach as ainghníomhartha ollmhóra a thabhairt os comhair na cúirte.

#### *1.3.1 An chastacht fhíorasach*

##### *a. Cineál agus líon na gcoireanna*

Is minic a bhíonn líon na mbunchoireanna idirnáisiúnta incomparáide le formhór na coireanna intíre. Féadfaidh na céadta agus go minic na mílte íospartach díreach, a bheith i gceist, mar aon le roinnt mhaith déantóirí coire agus an t-iliomad finnéithe. Tríd is tríd, bíonn brúidiúlacht antoiseach a tharlaíonn arís agus arís eile i gceist. Bíonn impleachtaí áirithe ag na tosca sin do na himscrúdaitheoirí.

---

<sup>30</sup> Níl aon reachtaíocht ann do choireanna cogaidh san Ostair; sa Danmhairg agus san Iodáil níl ach reachtaíocht náisiúnta maidir le coireanna cogaidh atá sa Chód Coiriúil Míleata, agus ní chumhdaítear leis sin ach cásanna a bhaineann le gníomhartha a rinne a gcuid arm nó gníomhartha in aghaidh a gcuid arm. Féach 'Dlínse sheach-chríochach san Aontas: Staidéar a dhéanamh ar na dlíthe agus cleachtais i 27 mBallstát AE', SÁSAMH/FIDH, Nollaig 2010, atá ar fáil ag [http://www.redress.org/downloads/publications/Extraterritorial\\_Jurisdiction\\_In\\_the\\_27\\_Member\\_States\\_of\\_the\\_Euro](http://www.redress.org/downloads/publications/Extraterritorial_Jurisdiction_In_the_27_Member_States_of_the_Euro) pean\_Union.pdf agus <http://www.legal-tools.org>.

<sup>31</sup> An Ostair, an Danmhairg agus an Iodáil, *ibid*.

- Dáileadh geografach na mbunchoireanna

Is minic a bhíonn meascán d'eachtraí éagsúla i gceist le bunchoireanna idirnáisiúnta, a tharlaíonn le linn tréimhse fada ama. Is minic a tharlaíonn siad ar fud limistéar geografach leathan, lena gcumhdaítear a lán bailte, sráidbhailte agus réigiún, agus, ó am go ham, teorainneacha Stáit. Ina theannta sin, is minic a léirítear bacainní éagsúla mar gheall ar iargúlacht gheografach an limistéir choinbhleachta. I roinnt cásanna, bíonn sé thar a bheith deacair teacht ar fhinné nó íospartach i limistéar atá buailte le cogadh. Bíonn impleachtaí suntasacha lóistíochta agus airgeadais ag baint leis na daoine aonair sin a shainaithint, a rianú agus teagmháil a dhéanamh leo agus cuirtear srianta suntasacha ar imscrúdaitheoirí nó ionchúisitheoirí atá ag iarraidh an dlí a chur ar dhéantóirí líomhnaithe coire den sórt sin.

- Bíonn líon mór daoine i gceist

Ní hábhar iontais é mar sin go dtarlaíonn coireanna ar an scála seo siocair go mbíonn líon mór déantóirí coire i gceist. Féadfaidh déantóirí coire bheith ina ngníomhaithe, amhail an t-arm, na póilíní, oifigigh an Stáit nó saoránaigh, nó gníomhaithe neamhstáit amhail grúpaí paraimíleata nó mílíte. Féadfar na coireanna sin a bheith déanta laistigh de 'struchtúir eagrúcháin atá casta agus nach n-oireann don tsamhail thraidisiúnta ordlathach atá ag eagraíochtaí'.<sup>32</sup> Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtuigfear na gníomhaithe a bhfuil baint acu le coireanna a dhéanamh nuair a bheifear á chinneadh an raibh baint ag an té a líomhnaítear sa choir agus go dtuigfear a seasamh sa struchtúr coiriúil. Chomh maith le líon mór déantóirí coire, is minic a mbíonn baint ag líon mór íospartach agus finnéithe le bunchoireanna idirnáisiúnta freisin.

- Coireanna foréigneacha atá bunaithe ar ghnéas agus ar inscne

Is féidir le himscrúdú agus le hionchúiseamh choireanna an fhoréigin ghnéasaigh a bheith an-dúshlánach mar gheall ar íogaireacht na gcoireanna agus an smál sóisialta a bhaineann leo, náire agus uirisliú na n-íospartach agus na bhfinnéithe, príobháideacht na gcoireanna, agus an dóchúlacht go ndéanfar íospartaigh díobh in athuair agus go gcuirfear isteach níos mó orthu le linn próiseas coiriúil. Tá sé léirithe sna cásanna go dtí seo go bhfuil gá le himscrúdaitheoirí agus le hionchúisitheoirí oilte, a bhfuil oiliúint agus eolas leordhóthanach acu chun na ceisteanna íogaire iomchuí a chur chun coireanna gnéis a shainaithint, agus cúinsí uile an fhoréigin ghnéasaigh is gá a chur san áireamh chun a fháil amach an bhfuil na gnéithe atá i gceist le coir an chinedhíothaithe, le coireanna in aghaidh na daonnachta agus le coireanna cogaidh á gcomhlíonadh.<sup>33</sup>

#### b. *Timpeallacht leochaileach aindleathach iar-choire*

Féadfar bunchoireanna idirnáisiúnta a dhéanamh le linn coinbhleacht armtha; mar thoradh ar mhiondealú an smachta reachta, an daonra sibhialtach a chur faoi chois, i gcomhthéacs an idirdhealaithe nó na géarleanúna atá foréigneach nó brú faoi chois polaitiúil agus cásanna eile.

<sup>32</sup> Oifig na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta do Phlean Straitéiseach an Ionchúisitheora 2012-2015, mír 3.

<sup>33</sup> Féach Conclúidí breise ón 16ú cruinniú den Líonra Eorpach de Phointí Teagmhála chun cinédhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh a imscrúdú agus a ionchúiseamh, 21-22 Bealtaine 2014, An Háig, Conclúidí 5-8.



Cruthaíonn coinníollacha den sórt sin constaicí do na himscrúduithe, a d'fhéadfadh leanúint ar aghaidh fiú nuair a bheidh deireadh leis an gcoinbhleacht nó leis an ngéarchéim.

- Níl an rialtas in ann comhoibriú nó toilteanach comhoibriú

I dtimpeallachtaí den sórt sin, ní féidir leis an Stát sa chríoch ina ndéanfar na coireanna comhoibriú leis an imscrúdú, go háirithe má tá oifigigh de chuid an Stáit faoi imscrúdú. Is féidir le hoifigigh den sórt sin bacainní polaitiúla nó bacainní dlí a chruthú le bac a chur ar na himscrúduithe. Mar shampla, ní cheadaítear imscrúduithe den sórt sin leis an reachtaíocht náisiúnta, féadfaidh oifigigh rialtais dlíthe a ionramháil nó féadfar srianta taistil a chur ar na himscrúdaitheoirí. I gcásanna ina bhfuil an rialtas ag comhoibriú, féadfaidh fachtóirí eile bac a chur ar an imscrúdú. Mar shampla, d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfeidhmíonn struchtúir phoiblí nó oifigí poiblí ar bhealach cuí ná éifeachtúil sa Stát, agus dá bhrí sin ní féadfar bealaí iomchuí comhair ná CDF a áirithiú idir na Stáit.

- Ábhar imní maidir le sábháilteacht

Féadfaidh coinbhleacht armtha leanúnach a bheith ar siúl sna Stáit atá faoi imscrúdú, nó fiú mura bhfuil coinbhleacht armtha ann d'fhéadfadh sé bheith an-deacair teacht ar limistéir áirithe chun fianaise a bhailiú nó d'fhéadfadh sé bheith contúirteach mar gheall ar éifeacht na coinbhleachta ar bhonneagar an Stáit, nó díreach siocair nach bhfuil smacht ag na údaráis Stáit ar chuid dá gcríoch. I roinnt limistéar féadfaidh buamaí nár phléasc go fóill, mianaigh, nó cineálacha eile muinisean a bheith ann. Bíonn réamhullmhúchán agus acmhainní ag teastáil le sábháilteacht na ndaoine a bhfuil baint acu le himscrúdú a dhéanamh ar dhéantóirí liomhnaithe bunchoireanna idirnáisiúnta, le hiad a ionchúiseamh nó a thabhairt os comhair na cúirte, a áirithiú (imscrúdaitheoirí, ionchúisitheoirí, aturnaetha cosanta, breithiúna, finnéithe, íospartaigh, ateangairí agus déantóirí coire). Tá sé ríthábhachtach go mbeadh pleanáil chuimsitheach imscrúdaitheach agus measúnuithe ar bhagairtí slándála i gceist chun na saincheisteanna sábháilteachta a chinneadh maidir le himscrúdú a dhéanamh chun an riosca sin a íoslaghdú.

- Finnéithe agus íospartaigh a aithint

Is minic a dhéantar cláir daonra a scrios, a chailleadh, a sheoladh go míchuí agus coinbhleacht ar siúl nó is minic nach mbíonn siad ar fáil ar chor ar bith. Thairis sin, teitheadh cuid mhaith finnéithe agus íospartaigh agus fiú na déantóirí coire iad féin, ón réigiún mar gheall ar leochaileacht na staid slándála nó eagla a bheith orthu roimh an méid a d'fhéadfadh tarlú ina dhiaidh sin. Sna cásanna sin, cruthaítear bacainní suntasacha maidir le híospartaigh agus finnéithe a shainaithint agus a fháil, teagmháil a choinneáil leo, na naisc eatarthu a aimsiú agus iad a nascadh leis an mbunchoir. Tá iarracht déanta ag roinnt údaráis náisiúnta na híospartaigh agus na finnéithe atá ag teacht isteach ina gcuid críocha a spreagadh chun tuairisc a thabhairt ar a thaithí ar choireanna le linn an phróisis inimirce.<sup>34</sup>

<sup>34</sup> Mar shampla, iarrann oifigigh inimirce na Gearmáine go gcomhlánóidh iarrthóirí tearmainn a thagann ón tSiria foirm ina bhfiafraítear an bhfuil aon choireanna cogaidh feicthe acu, agus, más rud é go bhfuil, iarrtar orthu sonraí a chur ar fáil. Féach Human Rights Watch, 'The Long Arm of Justice: Ceachtanna ó aonaid speisialaithe i gcoireanna cogaidh san Fhrainc, sa Ghearmáin agus san Ísiltír', Meán Fómhair 2014, lch. 10, [http://www.hrw.org/sites/default/files/reports/IJ0914\\_ForUpload.pdf](http://www.hrw.org/sites/default/files/reports/IJ0914_ForUpload.pdf).

Chun a áirithiú go ndéanfar imscrúdú ar bhunchoir idirnáisiúnta a reáchtáil ar bhealach cuimsitheach, agus na ráitis uile ó na páirtithe lena mbaineann agus an fhianaise go léir atá ar fáil san áireamh, beidh gá le comhar idir údaráis na Stát lena mbaineann, agus go háirithe idir údaráis inimirce, fhorfheidhmiú an dlí agus ionchúiseamh na mBallstát, chun cuidiú le finnéithe ábhartha a shainaithint.

- Tacaíocht agus cosaint íospartach agus finnéithe

Is minic a bhíonn saincheisteanna sonracha os comhair na n-údarás imscrúdaithe agus ionchúisimh i gcás íospartaigh agus finnéithe, agus ba cheart go mbeadh '*prionsabal na neamhdhíobhála*' mar threoir acu. Féadfaidh eagla a bheith ar íospartaigh nó ar fhinnéithe roimh an méid a d'fhéadfadh tarlú ina dhiaidh sin má thugann siad fianaise i gcoinne déantóirí líomhnaithe coire.<sup>35</sup> Féadfaidh daoine a bhfuil amhras fúthu agus a bhfuil an-tionchar acu i limistéar na coinbhleachta brú a chur ar dhaoine a d'fhéadfadh fianaise a thabhairt ina gcoinne. Ina theannta sin, ba cheart aire a thabhairt lena áirithiú go bhfaighidh íospartaigh agus finnéithe cosaint leordhóthanach shíceolaíoch le nach ndéanfar íospartaigh díobh an athuair. Baineann dúshlán eile lena bheith ag brath ar shainfhinnéithe, agus le finnéithe iontaofa agus inchreidte a shainaithint agus a fháil. I ngeall ar chúiseanna lóistíochtúla nó ar chúiseanna eile, is minic a thugtar fianaise trí bhíthin físchomhdhála, gan na buntáistí uile a bhaineann le fianaise bheo. Ina theannta sin, mar gheall ar chineál sochaithe áirithe nó nuair nach féidir éalú ó fhinnéithe a aithint, bíonn sé deacair rúndacht na n-imscrúduithe sa réimse a choinneáil. Bíonn na fadhbanna sin níos measa fós nuair a bhíonn cónaí ar na híospartaigh, na finnéithe agus/nó a dteaghlaigh lasmuigh de na Ballstáit. Leis na dúshláin a bhaineann le cosaint a chur ar fáil sna himthosca sin, bíonn gá le measúnú cuimsitheach riosca tráth a gcuirtear tús leis an imscrúdú.

Mar aon le tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh agus d'fhinnéithe agus iad a chosaint, tá oibleagáidí eile ar na húdaráis náisiúnta, amhail a cheadú d'íospartaigh a bheith rannpháirteach in imeachtaí agus rochtain a chur ar fáil ar chearta eile, amhail ionadaíocht dhlíthiúil, cosaint agus tacaíocht, chomh maith le cúiteamh.<sup>36</sup> Féadfaidh sé bheith dúshlánach tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil, áfach, go háirithe i ndáil le híospartaigh a bhfuil cónaí orthu thar lear. Tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil lena gceanglaítear ar na húdaráis straitéis cumarsáide a chur i bhfeidhm ón tús agus gníomhaíochtaí for-rochtana a thairiscint i ndáil le himscrúduithe agus trialacha leanúnacha, d'fhonn íospartaigh a chur ar an eolas faoi imeachtaí agus faoina gcearta agus iad a spreagadh teacht chun tosaigh.

---

<sup>35</sup> *Mar shampla*, i gcás Mpambara, chuaigh finné i dteagmháil le húdaráis na hÍsiltíre ós rud é go raibh sé scanraithe nuair a chuaigh gaolta an chúisí i dteagmháil leis. Féach Human Rights Watch, *The Long Arm of Justice: Ceachtanna ó aonaid speisialaithe i gcoireanna cogaidh san Fhrainc, sa Ghearmáin agus san Ísiltír*, Meán Fómhair 2014, lch. 49-50, [http://www.hrw.org/sites/default/files/reports/IJ0914\\_ForUpload.pdf](http://www.hrw.org/sites/default/files/reports/IJ0914_ForUpload.pdf).

<sup>36</sup> Féach Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeán maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus Treoir dhoiciméad an Choimisiúin Eorpaigh maidir le trasuíomh agus cur chun feidhme Threoir 2012/29/AE, Nollaig 2013.

- Impleachtaí ó thaobh ama

I ngeall ar a nádúr, is tar éis tarlú na dteagmhas a sheoltar imscrúduithe agus ionchúisimh, ach i gcás choir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh, féadfar imscrúduithe agus ionchúisimh a dhéanamh tar éis roinnt mhaith blianta nó fiú tar éis fiche nó tríocha bliain. Ní bhíonn bunchoireanna idirnáisiúnta faoi urchosc reachta de ghnáth. Ar an gcúis sin, féadfar imeachtaí a chur sa siúl fad is beo do dhéantóirí na coire. Mar sin féin, de réir mar a léann an aimsir idir tráth déanta na coire agus an t-imscrúdú, méadaítear ar na deacrachtaí maidir le bailiú fianaise iontaofa dá réir. Mar shampla, d'fhéadfadh an fhianaise dlí-eolaíochta a bheith éillithe nó ar iarraidh nó d'fhéadfadh cartlanna a bheith scriosta agus d'fhéadfadh an díchuimhne gabháil lastuas de na finnéithe.

### c. *An cineál faisnéise*

- Méid na faisnéise agus an cás a bhainistiú

Ar thaobh amháin, de bharr toiscaí éagsúla bíonn na himscrúdaitheoirí i ngleic le gannchúis fianaise lena bhféadfaí comharthaí sóirt an déantóra a nochtadh, amhail an bhearna ama idir déanamh an ghnímh agus an t-imscrúdú, toisc iliomad déantóirí a bheith i dtreis, nó toisc gan aon taifead nó rianú a bheith ann, mar shampla, lena gceanglófaí an déantóir le láthair na coire. Ar an láimh eile de, d'fhéadfadh imscrúdaitheoirí a bheith i ngleic le riar os meán d'fhaisnéis ábhartha, mar a mheastar, a d'fhéadfadh tairbhiú dóibh san imscrúdú. Bíonn gá le gairmithe, aistritheoirí agus imscrúdaitheoirí seiftiúla chun dlús ollmhór faisnéise den sórt sin a chomhdhlúthú agus a bhainistiú mar aon le hacmhainní riaracháin is eile a bheith ar fáil. Bíonn imscrúdaitheoirí i ngleic freisin le foinsí éagsúla faisnéise a d'fhéadfaí a úsáid mar fhianaise. D'fhéadfadh na cineálacha seo a leanas faisnéise a bheith i gceist: 1) faisnéis phoiblí, amhail na meáin, an t-idirlíon (.i. YouTube, Facebook), tuarascálacha ó eagraíochtaí idir-rialtasacha, ó ENRanna agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile; 2) faisnéis shrianta, amhail ó sheirbhísí faisnéise náisiúnta nó idirnáisiúnta; nó 3) doiciméid náisiúnta nó idirnáisiúnta ó imscrúduithe póilíní, mar shampla, nó ó sheirbhísí inimirce, a mbeadh rochtain theoranta ag gabháil leo. Bíodh go bhféadfaí faisnéis phoiblí agus faisnéis shrianta a úsáid mar fhoinsí fianaise do na himeachtaí cúirte, mar a mheastar, is dúshlán duaisiúil d'imscrúdaitheoirí agus d'ionchúisitheoirí araon riar mór na faisnéise sin, í a bhainistiú agus í a athbhreithniú.

- Ateangaireacht agus aistriúchán

Ní haon ribín réidh i gcónaí é ateangairí neodracha, toilteanacha agus iontaofa a fháil i limistéar coinbhleachta. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gur teanga neamhfhorleathan amach is amach a labhraíonn an daonra áitiúil nó na páirtithe lena mbaineann nó gur grúpa amháin sa choinbhleacht a labhraíonn go heisiach í.<sup>37</sup> Fairis sin, ráite an chastacht fhíorasach a ghabhann le cásanna mar sin, d'fhéadfadh go gcaithfí riar mór den doiciméadú ábhartha, mar a mheastar, a aistriú freisin.

<sup>37</sup> *Mar shampla*, a mhéid a bhaineann le Cogadh Eiritré-na hAetóipe, bhí ráitis os comhair na Buanchúirte Eadrána a glacadh tar éis ceithre shraith d'aistriúcháin faoi seach. *Féach* 'Litigating War: Mass Civil Injury and the Eritrea-Ethiopia Claims Commission', Sean D. Murphy, Won Kidane, Thomas R. Snider, lch. 86.

- Tábhacht fhianaise na bhfinnéithe

Ós rud é nach minic a fhágann iad siúd a dhéanann bunchoireanna idirnáisiúnta aon rian ina ndiaidh ó thaobh faisnéis dhoiciméadach inrianaithe nó taifid de, tá an-tábhacht ag baint le fianaise na bhfinnéithe chun cás láidir dlí a thabhairt i gcoinne na gciontóirí. Ina leithéid de chásanna áfach, is minic gur gá do na himscrúdaitheoirí déileáil le cásanna ina bhfuil tráma ar na finnéithe, ina gcuirtear isteach orthu nó ina ndéantar íospartaigh díobh in athuair, agus déileáil freisin le ceisteanna creidiúnachta. D'fheádfadh tuirse na bhfinnéithe bheith ina cúis fadhbanna freisin, go háirithe más é an cás go raibh orthu a scéal a insint go mion minic roimhe sin do pháirtithe difriúla (oibrithe daonnúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha, na meáin, imscrúdaitheoirí idirnáisiúnta, etc.). Anuas air sin, d'fheádfadh díchuimhne nó mearbhall a bheith ag baint d'fhinnéithe le himeacht aimsire.<sup>38</sup> Leis an gcastacht is dual d'fhianaise na bhfinnéithe agus na n-íospartach ina leithéid de chásanna, ní mór go gcuirfí an oiliúint riachtanach ar imscrúdaitheoirí bunchoireanna idirnáisiúnta le go mbeidís in ann na hagallaimh nó na ceistiúcháin a láimhseáil ar bhealach éifeachtach. Chomh maith leis sin, ní mór go dtuigfeadh na himscrúdaitheoirí gur gá breathnú ar fhoirmeacha eile d'fhianaise, amhail fianaise dhoiciméadach nó fianaise dhlí-eolaíochta.

#### *d. Na dúshlán lóistíochtúla*

- Líon na n-imscrúdaithe a d'fheádfadh a bheith ann agus ord tosaíochta a leagan amach

Is minic go mbíonn líon suntasach daoine a bhfuil amhras fúthu i ndáil le bunchoireanna idirnáisiúnta i gcóras náisiúnta ceartais na mBallstát. Mura bhfuil líon leordhóthanach oifigeach oilte, acmhainní agus acmhainn riaracháin ann, seans gur dheacair an iliomad imscrúdaithe comhthreoracha a dhéanamh ag an am céanna. Dá bharr sin, is minic gur gá do na húdaráis inniúla tosaíochtaí a leagan amach dá gcuid iarrachtaí agus díriú ar chás a dhéanamh i gcoinne na n-amhrasach sin ar féidir cás láidir a dhéanamh ina gcoinne. Bheadh cúinsí difriúla le cur san áireamh ina leithéid d'ord tosaíochta, mar shampla na hacmhainní a bheadh ar fáil agus méid na fianaise agus na faisnéise ábhartha.

- Suíomh na hoibre

Is minic na himscrúdaithe ag tarlú i dtír-raon anaithnid, rud a fhágann go bhféadfadh constaicí éagsúla lóistíochtúla a bheith ann. Chun turas a ullmhú i gceart, ní mór d'imscrúdaitheoir atá ag fiosrú coireanna idirnáisiúnta a tharla i dtríú tír, réamheolas a bheith aige maidir le haeráid, dálaí aimsire, bóithre agus fadhbanna eile rochtana a d'fheádfadh a bheith ann agus ní mór go dtuigfí tionchar na gcúinsí sin ar an bhfianaise a bhaileofaí. D'fheádfadh sé go mbeadh dian-ullmhúcháin ag teastáil le haghaidh imscrúdaithe in áiteanna anaithnid, amhail vacsaíniú i gcoinne galar, saintreallamh leictreach agus eile.

<sup>38</sup> *Mar shampla*, níor chuir an Airgintín nó Guatamala tús ach le déanaí le himscrúdaithe faoi na mór-ainghníomhartha a tharla ina gcóir, cé gur tharla na huafáis sin siar sna 1980í. Is anois atá na stáit Bhaltacha ag fiosrú coireanna a tharla sna 1950idí, i dtús fhorghabháil na Soivéadach. Tá imscrúdaithe agus ionchúisimh fós á ndéanamh ag an mBinse Coiriúil Idirnáisiúnta agus i gcúirteanna náisiúnta i ndáil le coireanna a tharla san iar-lúgslaiv sna luath 1990í. Ar an dóigh chéanna, tá imscrúdaithe agus trialacha fós le déanamh i ndáil le coireanna a rinneadh le linn chinedhíothú Ruanda i 1994.

- Saineolas eolaíochta

Chomh maith le heolas ar an gcreat dlíthiúil infheidhme, teastaíonn tuiscint leathan ar réimsí breise saineolais le haghaidh trialacha i ndáil le bunchoireanna idirnáisiúnta. Is iondúil go mbíonn an dá thaobh, idir ionchúisitheoirí agus cosantóirí, taobh le sainfhinnéithe agus a gcuid fianaise i ndáil le mionsonraí ghnéithe áirithe de choinbhleacht áirithe. Caithfidh na himscrúdaitheoirí, ionchúisitheoirí agus breithimh araon bheith eolach ar réimsí ábhartha eile, amhail an t-eagar míleata agus na struchtúir agus na hoibríochtaí míleata agus cineálacha éagsúla na n-arm, na mianach agus an lóin chogaidh, na balaistíochta agus na dlí-eolaíochta, gan trácht ar na fachtóirí geopholaitiúla agus soch-chultúrtha a bhfuil baint acu le coinbhleachtaí foréigneacha. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh teacht ag na húdaráis inniúla ar shaineolaithe i réimsí na póilíneachta, na slándála, na polaitíochta agus na staire i ndáil leis an stát inar tharla an choir.

- An tsochaí

Is minic cultúr ann féin, nó cultúr anaithnid nó luachanna, nó patrúin iompair dhifriúla i réim i measc an daonra áitiúil san áit inar tharla na coireanna. Anuas air sin, is minic gur i gcoinne daoine a bhaineann le grúpaí difriúla a dhéantar bunchoireanna idirnáisiúnta, daoine a bhfuil dearcadh difriúil polaitíochta nó eacnamaíochta acu nó tréithe cultúrtha, eithneacha nó stairiúla acu, é sin nó gurb iad na grúpaí sin iad féin a dhéanann an choir. Ní mór go mbeadh tuiscint mhaith ag imscrúdaitheoirí, ionchúisitheoirí agus breithimh araon ar na cúinsí sochaíocha sin le go bpléifí le cásanna den chineál sin ar bhealach ceart, sábháilte.

- Easpa ionstraimí don chomhar breithiúnach

Is minic easpa ionstraimí breithiúnacha ag imscrúdaitheoirí agus ionchúisitheoirí agus iad gan bunús dlíthiúil, dá bharr, don Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach (CDF) ná don eiseachadadh ó thríú stáit. Sna cásanna sin, caithfidh na húdaráis inniúla náisiúnta, nuair is féidir an méid sin fiú, bheith ag brath ar chomhaontuithe *ad hoc* comhair (atá ag brath iad féin ar thoil pholaitiúil stáit eachtracha agus ar infheistíocht shuntasach ama agus acmhainní), nó, sa chás is measa, ní féidir leo comhoibriú ar chor ar bith.

### 1.3.2 An chastacht dhlíthiúil

- Gnéithe comhthéacsúla

Chomh maith leis na gnéithe oibiachtúla (*actus reus*) agus gnéithe suibiachtúla (*mens rea*) de bhunchoireanna idirnáisiúnta a bhunú, ní mór freisin fianaise a chur ar fáil maidir le gnéithe comhthéacsúla sonracha.<sup>39</sup> Mar shampla, le cruthú gur rinneadh coireanna in aghaidh na daonnachta ní mór fianaise a chur ar fáil gur chuid iad na coireanna sin d'ionsaí forleathan nó córasach i gcoinne daonra sibhialtach, agus i gcás coireanna cogaidh, ní mór fianaise a fháil le taispeáint gur rinneadh an choir i gcomhthéacs coinbhleachta armtha, bíodh sí idirnáisiúnta nó ná bíodh sí.

- Cur chun feidhme éifeachtach

Faoi phrionsabal comhlántachta Reacht na Róimhe, tugtar an phríomhdhlínse chun imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh orthu siúd a bhfuiltear in amhras fúthu i ndáil le cinédhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh, do na Stáit Rannpháirteacha. Mar a pléadh cheana, an fhreagracht seo atá ar gach stát déantóirí bunchoireanna idirnáisiúnta a thabhairt chun cúirte, tagann sí ó thacar d'oibleagáidí idirnáisiúnta ar leithne iad ná oibleagáidí Reacht na Róimhe. Le go bhfeidhmeoidh an córas comhlántachta, áfach, ní mór na hoibleagáidí faoi Reacht na Róimhe a chur chun feidhme ar bhealach iomchuí le go mbeidh na húdaráis náisiúnta in ann trialacha a sheoladh i gcomhréir le noirm bhunaithe an dlí choiriúil idirnáisiúnta. Is éard a chiallaíonn an chomhlántacht i dtéarmaí an chleachtais phraiticiúil, ní hamháin nach mór go ndéanfaidh Stáit Rannpháirteacha coireanna Reacht na Róimhe a aicmiú mar choireanna faoin dlí náisiúnta, ach freisin caithfidh siad a áirithiú go ndéantar cur chun feidhme leordhóthanach ar nós in amhail ceannas agus freagracht uachtarach, agus caithfidh siad na rialacha ábhartha i ndáil le dlínse, pionóis, díolúine ó dhlínse, agus reacht na dtréimhsí, a chur ar fáil i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Amanna ní leor é an cur chun feidhme náisiúnta a dhéantar ar noirm an dlí idirnáisiúnta ó thaobh oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, rud a chuireann bac ar chomhlíonadh oibleagáidí uile an Stáit maidir leis an gcomhar in ábhair choiriúla nó san imscrúdú nó san ionchúiseamh.

- Díolúintí idirnáisiúnta

D'fhéadfadh sé go mbeadh díolúine ón dlínse choiriúil faoi chúinsí ar leith ag roinnt oifigeach poiblí, mar shampla Ceannairí Stáit nó Rialtais, Airí Gnóthaí Eachtracha, taidhleoirí creidiúnaithe, foireann de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta<sup>40</sup> agus comhaltaí de mhisin oifigiúla.<sup>41</sup>

I gcás ina mbeadh teannas idir díolúine agus freagracht choiriúil an duine aonair, ní mór do na húdaráis imscrúdaithe, ionchúisimh agus chúnamh dlíthiúil a gcuid a dhéanamh le háirithiú go gcuirfí na rialacha maidir leis an díolúine idirnáisiúnta i bhfeidhm mar is ceart, rud

<sup>39</sup> Féach i ndáil leis na coireanna atá liostaithe i Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, Gnéithe de Choireanna den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, ICC-ASP/1/3 ag 108, U.N. Doic. PCNICC/2000/1/Add.2 (2000).

<sup>40</sup> Féach an Coinbhinsiún maidir le Pribhléidí agus Díolúintí na Náisiún Aontaithe, 1 U.N.T.S. 15, 1 Feabhra 1946, Airteagail V-VII.

<sup>41</sup> Féach an Cás maidir leis an mBarántas Gabhála den 11 Aibreán 2000 (Poblacht Dhaonlathach an Chongó v. An Bheilg), 2002 C.C.I. Ach ní mhaireann an díolúine sin ach chomh fada agus a bhíonn an duine ag feidhmiú i gceann de na poist thuasluaite. Féach freisin Cinneadh Chúirt Choiriúil Chónaidhm na hEilvéise, 25 Iúil 2012, atá ar fáil ag: <http://www.trial-ch.org/en/activities/litigation/trials-cases-in-switzerland/khaled-nezzar-algeria-2011.html>. Féach freisin an Coinbhinsiún maidir le Pribhléidí agus Díolúintí na Náisiún Aontaithe, 1 U.N.T.S. 15, 13 Feabhra 1946, Airteagail V-VII.

a d'áiritheodh nach ngabhaí nó nach gcoinneofaí go neamhdhleathach daoine a bhfuil díolúine acu ó fheidhmiú na dlínse coiriúla náisiúnta, agus os a choinne sin nach mbainfí mí-úsáid as an díolúine chun cosaint mhíchuí a thabhairt do dhaoine aonair óna bhfreagracht choiriúil as na coireanna is tromchúisí dá bhfuil ann.<sup>42</sup>

Ní féidir glacadh leis gur chuid d'aon dualgais oifigiúla é coir an chinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta ná coireanna cogaidh a dhéanamh. Leis an easpa soiléire atá ann ar an leibhéal náisiúnta agus na cinntí difriúla a rinneadh i ndáil le cúinsí comhchosúla, tá éiginnteacht agus easpa intuarthachta dlíthiúla ag roinnt leis na rialacha idirnáisiúnta faoin díolúine. Ní róshoiléir fós atá stádas na ndíolúintí do roinnt áirithe oifigeach poiblí i ndáil le coir an chinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta nó coireanna cogaidh.

- Nascacht an déantóra líomhnaithe

Is den riachtanas é go gcruthófaí nascacht idir déantóir líomhnaithe na coire agus an choir bhunaidh chun freagracht choiriúil aonair a bhunú do dhaoine a raibh baint acu le bunchoireanna idirnáisiúnta. Chomh maith le freagracht dhíreach, aithnítear sa dlí choiriúil idirnáisiúnta go bhfuil cineálacha eile dlíteanas choiriúil ann freisin i ndáil le bunchoireanna idirnáisiúnta. Mar sin, d'fhéadfadh dlíteanas i ndáil lena leithéid de chuireanna bheith ann do dhuine a rinne gníomh áirithe agus do dhuine a bhí rannpháirteach ann go hindíreach ar modhanna difriúla, ag brath ar chóras náisiúnta ceartais choiriúil an Stáit a bhfuil an t-imscrúdú agus an t-ionchúiseamh i ndáil leis an gcoir sin á dhéanamh aige. Ós rud é nach gá gurb ionann an áit ina bhfuil an duine a phleanáil nó a d'ordaigh go ndéanfaí an choir agus an áit inar tharla an choir sin, bíonn roinnt dúshlán ar leith ann d'imscrúdaitheoirí agus ionchúisitheoirí araon. D'fhéadfadh stádas uachtarach *de facto* a bheith ann nach mbeadh aon tagairt le fáil dó i dtaifid nó i bhfianaise eile, rud ar fadhb é do chórais cheartais ós rud é go bhfeidhmíonn an slabhra ordaithe i gcogaíocht an lae inniu ar bhealach comhuaineach sna struchtúir riaracháin, agus pholaitiúla, agus sna struchtúir fhorfheidhmiú an dlí agus mhíleata.

- Foinsí éagsúla an dlí

Chomh maith leis na rialacha sna cóid náisiúnta choiriúla, caithfidh na himscrúdaitheoirí, na hionchúisitheoirí agus breithiúna aird a thabhairt ar fhoinsí eile dlí, amhail rialacha coiriúla idirnáisiúnta, conarthaí agus an dlí gnách san áireamh, an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus na dlíthe i leith Chearta an Duine, chomh maith le foinsí éagsúla tánaisteacha, amhail dlí-eolaíocht na gcúirteanna i ndlíní eile, dlí-eolaíocht na gcúirteanna idirnáisiúnta (amhail an Binse Coiriúil Idirnáisiúnta *ad hoc* don Iar-Iúgslaiv (ICTY), an Binse Coiriúil Idirnáisiúnta do Ruanda (ICTR); an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBIJ), an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, agus an teoiric. Mar sin, chun cás rathúil a fhorbairt is gá eolas as cuimse ar na foinsí sin agus ar a bhfeidhmiú, bíodh sé sin i gcás coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánach, agus is gá go mbeadh leibhéal fóna saineolais ag na húdaráis imscrúdaithe agus ionchúisimh ar an leibhéal náisiúnta.

---

<sup>42</sup> Phléigh an Gréasán ceist na rialacha idirnáisiúnta a bhaineann leis an díolúine idirnáisiúnta agus an cleachtas náisiúnta i ndáil leis sin ag an 14ú cruinniú, an 17-18 Aibreán 2013.



# CAIBIDIL A DÓ : AN TIOMANTAS GO GCUIRFÍ I GCOINNE DAOINE A BHEITH AG DUL SAOR Ó PHIONÓS LAISTIGH DEN AONTAS EORPACH AGUS DÁ CHUID BALLSTÁT

## 2.

### 2.1 Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh

Tá an tAontas Eorpach bunaithe ar phrionsabail na saoirse, an daonlathais, na hurraime do chearta an duine, na saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta, lena n-áirítear an gá go gcuirfí deireadh leis an gcultúr a ligeann do dhaoine dul gan phionós agus go n-imscrúdófaí agus go n-ionchúiseofaí iad siúd atá freagrach as coir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh.

Tá díograis an Aontais Eorpaigh lánchruthaithe aige i ndáil le gníomhaíochtaí seachtracha sa réimse seo, go háirithe leis an gcomhar leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta;<sup>43</sup> le beartas an Aontais Eorpaigh maidir le cearta an duine;<sup>44</sup> agus leis an Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach in 2013 maidir le Prionsabal na Comhlántachta a chur chun cinn.<sup>45</sup> Leis na doiciméid sin, áfach, is éard a dhéantar ná an troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta, le béim ar thríú Stáit, agus is lú an aird ar ghné inmheánach bheartais an Aontais. Léirigh an tAontas Eorpach a thiomanta atá sé tabhairt faoi na coireanna seo go himmheánach tríd an Líonra a bhunú in 2002<sup>46</sup> agus Rúnaíocht an Ghréasáin a bhunú in 2011.<sup>47</sup> Chomh maith leis sin, le Cinneadh 2003/335/CGB ón gComhairle, iarradh ar na Ballstáit an comhar idir aonaid náisiúnta a mhéadú, rud a chuirfeadh go mór le cumas údarais fhorfheidhmiú an dlí i mBallstáit dhifriúla comhoibriú lena chéile ó thaobh imscrúdú agus ionchúiseamh i leith déantóirí líomhnaithe coireanna tromchúiseacha idirnáisiúnta.<sup>48</sup> In Airteagal 2 den Chinneadh thuasluaite ón gComhairle, deirtear go ndéanfaidh na Ballstáit na bearta riachtanacha chun údarais fhorfheidhmiú an dlí a chur ar an eolas faoi dhéantóirí líomhnaithe a bheith i láthair agus lena áirithiú go ndéanfar faisnéis a roinnt idir na húdarais náisiúnta i bhforfheidhmiú an dlí agus san inimirce. Rud eile de, d'aithin an tAontas

<sup>43</sup> *Féach, e.g.*, Cinneadh 2011/168/CFSP ón gComhairle an 21 Márta 2011 maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, IO L 76/56 an 22 Márta 2011, agus a Phlean Gníomhaíochta den 12 Iúil 2011 (doiciméad de chuid na Comhairle: 12080/11).

<sup>44</sup> *Féach, e.g.*, an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, *Cearta an Duine agus Daonlathas i gcoilár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh — I dtreo cur chuige níos éifeachtaí*, COM (2011) 886, l. 16; Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh do Chearta an Duine agus don Daonlathas agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas an 25 Meitheamh 2012 (doiciméad ón gComhairle 11855/12); Cinneadh 2012/440/CBES ón gComhairle an 25 Iúil 2012 lenar ceapadh Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Chearta an Duine, IO L 200/21 an 27 Iúil 2012.

<sup>45</sup> SWD(2013) 26 an 31 Eanáir 2013.

<sup>46</sup> Cinneadh 2002/494/CGB an 13 Meitheamh 2002, IO L 167/1 an 26 Meitheamh 2002.

<sup>47</sup> Airteagal 25a den Chinneadh Eurojust, mar a leasaíodh é le Cinneadh 2009/426/CGB an 16 Nollaig 2008, IO L 138/14 an 4 Meitheamh 2009.

<sup>48</sup> Cinneadh 2003/335/CGB an 8 Bealtaine 2003, IO L 118/12 an 14 Bealtaine 2003.



a thábhachtaí atá an comhar idir Ballstáit, tríú Stáit agus binsí idirnáisiúnta, agus go mbeifí comhsheasmhach agus comhleanúnach ina chuid ionstraimí agus beartas féin.

I gClár Stocólm, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar instititúidí an Aontais:

*leanúint de bheith ag tacú le gníomhaíocht an Aontais agus na mBallstát i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós agus leanúint den ghníomhaíocht sin a chur chun cinn agus de throid i gcoinne choir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh; sa chomhthéacs sin, an comhar a chur chun cinn idir na Ballstáit, tríú tíortha agus na binsí idirnáisiúnta sa réimse sin, agus go háirithe an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, agus comhroinnt na faisnéise breithiúnaí agus na ndea-chleachtas breithiúnach a fhorbairt i ndáil lena leithéid de choireanna a ionchúiseamh trí Líonra Eorpach na bPointí Teagmhála i ndáil le daoine atá freagrach as cinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh.<sup>49</sup>*

Chomh maith leis sin, le hAirteagal 8 de Chinneadh 2011/168/CBES ón gComhairle:

*cuirtear de dhualgas ar an Aontas Eorpach a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht agus comhleanúnachas idir a chuid ionstraimí agus beartas ar fad in ábhair a bhaineann le coireanna idirnáisiúnta i ndlínse na Cúirte Choiriúla Idirnáisiúnta. Níos tábhachtaí fós, agus an méid thuas á dhéanamh aige, cuirtear de dhualgas ar an Aontas Eorpach, leis an gCinneadh, a áirithiú gurb ann don chomhsheasmhacht agus don chomhleanúnachas sin, ní hamháin ina chuid gníomhaíochta idirnáisiúnta, ach i ndáil lena bhearta inmheánacha freisin.<sup>50</sup>*

Má dhéantar iarrachtaí breise chun gné inmheánach bheartas an Aontais a láidriú sa troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós, cuirfear le hinchreidteacht agus cuimsitheacht na gné seachtraí den bheartas sin agus de bheartas an cheartais idirthréimhsigh.

### 2.1.1 Ról an Líonra

Bunaíodh an Líonra chun dlúthchomhar a áirithiú idir na húdaráis náisiúnta agus coir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh á n-imscrúdú agus á n-ionchúiseamh acu. Bhí an chéad chruinniú aige i mí na Samhna 2004, cé nár bunaíodh Rúnaíocht an Líonra go dtí 2011. Faoi láthair, is é an Líonra an t-aon chomhlacht san Aontas Eorpach a bhfuil sainordú aige tacú le hiarrachtaí na mBallstát agus cur le comhordú a gcuid gníomhaíochtaí sa troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós i mbunchoireanna idirnáisiúnta, agus mar sin, tá ról lárnach aige lena áirithiú go mbeidh an tAontas tiomanta don troid sin ar an leibhéal inmheánach.

Déanann na Pointí Teagmhála ionadaíocht ar na húdaráis náisiúnta sa Líonra - ionchúisitheoirí, imscrúdaitheoirí, agus údaráis an chúnaimh dhlíthiúil fhrithpháirtigh a bhíonn ag plé le himscrúdú agus le hionchúiseamh bunchoireanna idirnáisiúnta ar an leibhéal náisiúnta. Bíonn an Líonra i dteagmháil le húdaráis náisiúnta na mBallstát agus lena gcomhpháirteanna i gCeanada, san Iorua, san Eilvéis agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá; chomh maith leis sin bíonn teagmháil aige le hionadaithe an Choimisiúin

<sup>49</sup> IO C 115/1 an 4 Bealtaine 2010, l. 8.

<sup>50</sup> Airteagal 8 de Chinneadh 2011/168/CBES ón gComhairle.


Eorpaigh, Eurojust, na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus binsí coiriúla idirnáisiúnta *ad hoc*, Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, Interpol, agus eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta.

Bíonn cruinnithe ann faoi dhó sa bhliain lena mbíonn cleachtóirí in ann faisnéis oibríochtúil, eolas, teicníochtaí réitithe fadhbanna agus samplaí praiticiúla a roinnt lena chéile. Bíonn dhá sheisiún i gceist le gach cruinniú. Baineann an seisiún oscailte leis an Líonra breisithe, is é sin bíonn na Pointí Teagmhála Náisiúnta agus na hionadaithe eile mar a tuairiscíodh thuas i láthair. Is iad na Pointí Teagmhála Náisiúnta agus a gcontrapháirteanna ó na Stáit ar Breathnóirí iad amháin a bhíonn i láthair ag an seisiún dúnta, lena gcruthaítear comhthéacs inmhuiníne le go mbeifear in ann faisnéis oibríochtúil a roinnt faoi imscrúduithe reatha agus faoi iarratais ar eiseachadadh i ndáil le bunchoireanna idirnáisiúnta. Is cabhair é an seisiún dúnta chun muinín agus comhar frithpháirteach a fhorbairt idir imscrúdaitheoirí agus ionchúisitheoirí ó na Ballstáit ar fad agus idir cleachtóirí agus ionadaithe de chuid eagraíochtaí eile atá ag obair sa réimse sin freisin. Chomh maith leis sin, tá teacht ag Comhaltaí an Líonra ar chuid neamhphoiblí an tsuímh ghréasáin, an Réimse faoi Srian mar a thugtar air, ar ardán é do chomhroinnt na faisnéise agus don rochtain ar dhoiciméid a bhaineann le sainordú an Líonra.


Mar thoradh ar na cruinnithe, tá corpas eolais bailithe le chéile ag an Líonra i ndáil le ceisteanna tábhachtacha ina réimse inniúlachta. A bhuí leis sin, tá sainpháipéir scríofa ag an Líonra agus ag a Rúnaíocht i ndáil le roinnt ábhar, amhail an comhar idir údaráis inimirce, seirbhísí fhorfheidhmiú an dlí agus seirbhísí ionchúisimh; tacaíocht agus cosaint d'fhinnéithe; agus an fhreagracht choiriúil atá ar dhaoine dlítheanacha. Mar árdán le haghaidh cleachtóirí, tá faoin Líonra tacú leis na húdaráis náisiúnta trí fhreagra a thabhairt ar cheisteanna praiticiúla agus ar cheisteanna dlí i ndáil le himscrúdú agus le hionchúiseamh bunchoireanna idirnáisiúnta a thagann faoi dhlínse na mBallstát, beag beann ar an áit inar dearnadh na coireanna sin. Ainneoin a chuid acmhainní teoranta, tá áit cruthaithe aige dó féin ag an Líonra mar phointe fócasach don troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós san Aontas Eorpach agus d'fheadfadh sé bheith ina eiseamláir anois don chleachtas is fearr chun líonraí eile den chineál sin a fhorbairt i réigiúin eile. I ndáil leis sin, tá an Líonra tar éis a bheith ina mhúnla cheana féin le haghaidh líonra an Aontais Afracaigh d'ionchúisitheoirí speisialaithe a fhorbairt i ndáil le bunchoireanna idirnáisiúnta, agus má thacaítear leis mar is ceart d'fheadfadh sé leanúint de bheith ina eiseamláir do líonraí réigiúnacha eile amach anseo. Amach anseo, d'fheadfadh sé bheith níos tábhachtaí fós go mbeadh líonraí na hAfraice agus an Aontais Eorpaigh ag obair go dlúth lena chéile, faisnéis á roinnt acu lena chéile agus aghaidh á tabhairt ar cheisteanna a bhaineann leo araon.

## 2.2 Ar leibhéal na mBallstát<sup>51</sup>

Tá dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas ó thaobh ciontóirí a thabhairt os comhair na cúirte, a bhuí sin le tionscnaimh a rinne roinnt



Ballstát chun sainfhoirne de phóilíní, d'ionchúisít heoirí agus d'oifigigh chúnaimh




dhlíthiúil fhrithpháirtigh a bhunú. Tá aonaid thiomnaithe tar éis bheith bunaithe laistigh de na seirbhísí póilíneachta agus/nó ionchúisimh sa Bheilg, sa Chróit, sa Danmhairg, san Fhrainc, sa Ghearmáin, san

Ísiltír, sa Ríocht Aontaithe agus sa tSualainn agus iad speisialaithe sna bunchoireanna idirnáisiúnta.<sup>52</sup> Tá aonaid thiomnaithe le fáil freisin san Iorua, san Eilvéis, i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe, stáit iad seo atá mar bhreathnóirí sa Líonra. I mBallstáit eile, amhail an Fhionlainn, an Liotuáin, an Pholainn agus an Laitvia, tá sainfhoireann ann i ndáil le bunchoireanna idirnáisiúnta cé nach cuid d'aonaid thiomnaithe do choireanna cogaidh iad. Chomh maith leis sin, tá foireann de chuid roinnt Ballstát nach n-oibríonn ar bhunchoireanna idirnáisiúnta ar bhealach eisiach agus a bhfuil saineolas acu i ndáil leis na coireanna sin. Is mór an chabhair d'imscrúdú agus d'ionchúiseamh na mbunchoireanna idirnáisiúnta é foireann thiomnaithe a bheith ann a bhfuil saineolas acu. Tá a thuilleadh feabhais bainte amach a bhuí leis an méadú atá tagtha ar chomhroinnt na gcleachtas is fearr agus na taithí, agus leis an bhfeabhas a tháinig ar an gcomhar trí bhithin an Líonra, rud ba chúis le líon suntasach ciontóirí bheith ionchúisithe i ndáil le coir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coir an chéasta i mBallstáit áirithe.

<sup>51</sup> Seoladh ceistneoir chuig pointí teagmhála an Líonra chun staitisticí cothrom le dáta a fháil maidir le líon na foirne speisialaithe i gcoireanna idirnáisiúnta atá i ranna difriúla na n-údarás náisiúnta, agus freisin faoi líon na n-ionchúiseamh agus na n-imscrúduithe a dhéantar sna Ballstáit. Rinne Rúnaíocht an Líonra na freagraí a shaincagadh agus tá siad ar fáil sna táblaí thíos.

<sup>52</sup> Chun forléargas níos cuimsithí a fháil ar chleachtas na n-aonad seo atá speisialaithe in imscrúdú agus ionchúiseamh bunchoireanna idirnáisiúnta, féach 'Straitéisí chun coireanna tromchúiseacha idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh ar bhealach éifeachtach: Cleachtas na nAonad Speisialaithe i gCoireanna Cogaidh', REDRESS agus an Chónaidhm Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, atá ar fáil ag [http://www.redress.org/downloads/publications/The\\_Practice\\_of\\_Specialised\\_War\\_Crimes\\_Units\\_Dec\\_2010.pdf](http://www.redress.org/downloads/publications/The_Practice_of_Specialised_War_Crimes_Units_Dec_2010.pdf).

## Líonra na Stát a bhfuil Aonaid Speisialaithe nó Leathspeisialaithe i gCoireanna Cogaidh Acu



## Aonaid tiomnaithe agus líon na foirne laistigh de na seirbhísí éagsúla

	Aonad Speisialaithe do Choireanna Cogaidh	Forfheidhmiú an dlí	Ionchúiseamh	Seirbhísí (MFA, oifigigh eile oifigigh inimirce) CDF,
An Ostair		0	0	0
An Bheilg	✓	5*	4*	4 CDF
An Bhulgáir		0	0	0

An Chróit	✓	Faisnéis srianta	36 + comhairleoirí na bPríomh-Aturnaetha Stáit	11*
An Chipir		0	0	0
Poblacht na Seice		0	0	0
An Danmhairg	✓	5*	3*	3*
An Eastóin		0	0	0
An Fhionlainn		2*	1*	0
An Fhrainc	✓	10	2 + 3 bhreithimh inscrúdaithe	
An Ghearmáin	✓	10 + 16*	7	24*
An Ghréig		0	0	0
An Ungáir		0	0	0
Éire		0	0	0
An Iodáil		0	0	0
An Laitvia		0	1	0
An Liotuáin		0	18*	0
Lucsamburg		0	0	0
Málta		0	0	0
An Ísiltír	✓	25-30	5.5	1 cúnamh dlíthiúil frithpháirteach (MLA) 25 IF foireann inimirce
An Pholainn	✓ <sup>53</sup>	0	87 n-ionchúisitheoirí (+11 staraí)	0
An Phortaingéil		0	0	0
An Rómáin		0	0	0
An tSlóvaic		0	0	0
An tSlóivéin		0	0	0
An Spáinn		0	0	0
An tSualainn	✓	8	6	0

53


Tá imscrúduithe ar siúl ag Institiúid na Polainne um Chuimhneachán Náisiúnta - An Coimisiún le haghaidh Coireanna i gcoinne Náisiún na Polainne a Ionchúiseamh (mar aonad ionchúisimh), ar imscrúduithe iad a bhaineann le coireanna a rinne na Naitsithe agus na Cumannaithe, agus le coireanna eile a aicmítear mar chinedhíothú, coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna a rinneadh i gcoinne náisiúnaithe de chuid na Polainne sa tréimhse idir Meán Fómhair 1939 agus mí Iúil 1990. Is iad Oifigí na n-Ionchúisitheoirí Poiblí a bhíonn ag plé leis na coireanna uile eile a aicmítear mar chinedhíothú, coireanna cogaidh and coireanna in aghaidh an chine dhaonna.

An Ríocht Aontaithe	✓	20	13	8
An Iorua	✓	14	6	
SAM	✓	10	11	
Ceanada	✓	9*	30	50*
An Eilvéis	✓	0	4*	0

\*foireann leath-thiomnaithe – i.e. atá páirteach freisin i bplé le coireanna eile.

### 2.2.1 Torthaí ar leibhéal na mBallstát agus comhaltai an Líonra

Is méid le háireamh an méid a bhain na Ballstáit amach maidir le déantóirí na coire a thabhairt os comhair na cúirte, cé gur teoranta an aird a thugtar, ar an leibhéal náisiúnta, don chineál sin coire a ionchúiseamh agus gur teoranta freisin na hacmhainní a infheistítear san ionchúiseamh. Maidir leis na Ballstáit nach ndéanann ionchúiseamh ar phrionsabal dlínse chríche, tá na sochair a bhaineann le haonaid speisialaithe níos soiléire fós. Ba mhinic nach raibh leibhéal na n-acmhainní a bhí ar fáil do na daoine a oibríonn sa réimse sin ná leibhéal na tosaíochta a tugadh do na bunchoireanna sin ag teacht le leibhéal inspreagtha ná tiomantais phearsanta na ndaoine siúd. Go dtí seo tá bailchríoch curtha ag na Ballstáit ar 1 607 gcás san iomlán a bhain le bunchoireanna




idirnáisiúnta agus tá 1,339 gcás eile á n-imscrúdú acu faoi láthair a bhaineann le tíortha ar fud an domhain.

Léirítear leis na figiúirí a chuirtear in iúl sa tábla thíos agus de réir na sonraí atá ar fáil i ngach Ballstát, do thréimhsí éagsúla ama, líon na n-imscrúduithe agus na n-ionchúiseamh a rinneadh i dtaca le bunchoireanna idirnáisiúnta. Ba ón mbliain 2002 i leith a bhain an tréimhse ama ginearálta a bhí i gceist leis na sonraí, ach mar gheall ar éagsúlacht i doiciméadú agus cartlannú na gcásanna mar aon le difríochtaí i gcur i bhfeidhm an dlí idirnáisiúnta ar an reachtaíocht náisiúnta, baineadh feidhm freisin as creataí eile ama. Maidir le hiarrataí a fuarthas ar eiseachadadh, is gá do na Ballstáit i gcoitinne athbhreithniú a dhéanamh ar na cásanna sin i gcomhréir leis an bprionsabal *aut dedere aut judicare* agus machnamh a dhéanamh, dá réir sin, ar na saincheisteanna ó thaobh ábhair, nósanna imeachta agus dlínse.

Cásanna i mBallstáit AE	
Cásanna Dúnta	1607
Cásanna Leanúnacha	1339

Tá na cásanna a dúnadh roimh thriail, a raibh líon ard díobh ann i gcomórtas le cásanna eile, mar thoradh ar na bunfhadhbanna a bhain le himscrúdú agus ionchúiseamh bunchoireanna idirnáisiúnta.

Cé go léirítear leis an líon sin na deacrachtaí atá os comhair na n-údarás náisiúnta, leagtar béim leis freisin ar an rath suntasach a chuirtear in iúl le líon reatha na gcásanna ar cuireadh bailchríoch orthu, is é sin 1 607.



### Imscrúduithe agus ionchúisimh

Stát	Tréimhse ama (mura bhfuil an bhliain 2002 agus ar aghaidh gceist)	Líon na cásanna a daoradh/a éigiontaíodh	Líon na n-amhrastach a cúisíodh/atá imscrúdú nó ag seasamh trialach faoi láthair	Líon na gcásanna a dúnadh roimh thriail	Líon na n-iarrataí a fuarthas ar eiseachadh
An Ostair		0	0	0	0
An Bheilg <sup>54</sup>		10	103	88	25

<sup>54</sup> Baineann na huimhreacha le cásanna seachas amhrastaigh, agus ní háirítear iarrataí ó dhlínsí coiriúla idirnáisiúnta ar líon na n-iarrataí a fuarthas ar eiseachadh.

An Bhulgáir		0	0	0	0
An Chróit	1991-Nollaig 2013	1365	854	1265	Níl aon sonraí ar fáil
An Chipir		0	0	0	0
Poblacht na Seice		0	0	0	0
An Danmhairg	Ón mbliain 1995 i leith	3	8	254	5
An Eastóin	Ón mbliain 1995 i leith	29	1	15	0
An Fhionlainn		1	0	0	1
An Fhrainc		1	51	11	Níl aon sonraí ar fáil
An Ghearmáin	1988-2002	4		108	Níl aon sonraí ar fáil
	2002-2014	1	37	13	19
An Ghréig		0	1	0	0
An Ungáir		0	1	3	Níl aon sonraí ar fáil
Éire		0	0	0	6
An Iodáil		0	0	0	1
An Laitvia		0	5	0	0
An Liotuáin	Ón mbliain 2011 i leith	20	105	53	0
Lucsamburg		0	0	0	0
Málta		0	0	0	0
An Ísiltír		7	27	8	9
An Pholainn	Ón mbliain 2000 i leith	158	93	9285	1
An Phortaingéil		0	0	0	0
An Rómáin	Ón mbliain 2013 ar aghaidh	2	2	0	0
An tSlóvaic		0	0	0	0
An tSlóivéin		0	0	0	0
An Spáinn		1	0	5	40
An tSualainn		5	26		Idir 3 agus 8 gcás
An Ríocht Aontaithe	2012-2014	0	26	18	6



An Iorua		1	4	17	5
SAM <sup>55</sup>	2003-2013	56	174		Níl aon sonraí ar fáil
Ceanada		3	11	10	9
An Eilvéis		1	8	12	5 in aghaidh na bliana
Na Stáit uile is Breathnadóirí		61	197	39	19
AE ar fad		1607	1339	11123	118
An Líonra uile (AE móide Stáit is Breathnadóirí)		1668	1536	11162	137

### CAIBIDIL 3: TACAR DE BHEARTA CHUN TACÚ LE HIMSCRÚDUITHE AGUS IONCHÚISIMH NÁISIÚNTA A DHÉANAMH AR CHOIREANNA IDIRNÁISIÚNTA

Is mar thoradh ar an ngrinnscrúdú a rinneadh ar na bearta agus na beartais atá i mBallstáit éagsúla cheana a cuireadh isteach na bearta atá sa straitéis seo. Is éard atá iontu dea-chleachtas, moltaí a d'eascair as cruinnithe a bhí ag an Líonra cheana, an obair a rinne grúpa saineolaithe, agus comhairliúchán leathan a rinneadh le comhpháirtithe, leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, le scoláirí, leis an tsochaí shibhialta agus le geallsealbhóirí eile. Níor cuireadh in ord tosaíochta iad. De rogha air sin, ba cheart don Líonra a ngabhann na bearta sin leis, agus, mar sin, do na Ballstáit agus do AE, na bearta sin a chur san áireamh tráth a bhunófar creat éifeachtach don chomhrac i gcoinne daoine a bheith ag éalú ó phionós.

Cuireann an Líonra in iúl athuair nach liosta uileghabhálach beart é nach mór do AE agus na Ballstáit a dhéanamh chun dul i ngleic leis an gcomhrac i gcoinne daoine a bheith ag dul gan phionós na bearta a léirítear sa Straitéis seo. Mar gheall ar an gcastacht dhlíthiúil agus fhíorasach a bhaineann le himscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar bunchoireanna idirnáisiúnta, beidh ar na Ballstáit bearta breise a dhéanamh chun cúinsí cásanna sonracha a chur san áireamh.

<sup>55</sup> I SAM, cuireadh éifeacht leis na reachtanna i leith bunchoireanna idirnáisiúnta ag amanna éagsúla, (mar shampla tugadh éifeacht do choir an chéasta i 1994, do choireanna cogaidh i 1996, d'earcú saighdiúirí linbh in 2008 agus mar sin de). Mar sin, i gcásanna inar tharla sárúithe sular cuireadh éifeacht leis an reacht i leith na coireachta, chuaigh na húdaráis i mbun imeachtaí coiriúla in éadan sárúithe a bhain le calaois inimirce, as measc cúisimh eile ab infheidhme, chun déantóirí na coire a ionchúiseamh.

Toisc go ndéanfar meastóireacht rialta ar an Straitéis seo, d'fhéadfadh go gcuirfí isteach bearta eile nach n-áirítear anseo i leaganacha eile den Straitéis a bheidh ann amach anseo.

## **Beart 1: Aonaid speisialaithe a bhunú, a fhorbairt agus a chur chun cinn**

**Comhthéacs:** Cuireadh aonaid speisialaithe nó tiomnaithe ar bun cheana i roinnt tíortha chun plé le cásanna a bhaineann le bunchoireanna idirnáisiúnta ar bhonn eisiach. As measc na mBallstát tá aonaid den chineál sin laistigh dá n-údarais imscrúdaithe coiriúil agus/nó dá n-údarais ionchúisimh ag an Ísiltír, an Danmhairg, an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus an Chróit. Chuir an Chomhairle in iúl freisin gur mian léi go gcruthófaí struchtúir den chineál sin, agus gur cheart do na Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:

*a áirithiú go mbeidh na hacmhainní agus na struchtúir iomchuí ag údarais fhorfheidhmiú an dlí agus ag údarais inimirce chun chur ar a gcumas comhar éifeachtach a bheith eatarthu agus imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach a dhéanamh ar chinedhiothú, ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna agus ar choireanna cogaidh.<sup>56</sup>*

Is iad oifigigh ar cuireadh oiliúint orthu sa réimse a bhaineann le coir an chinedhiothaithe, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh, coire an chéasta agus an fhuadaigh a shainaithint, a imscrúdú nó a ionchúiseamh a bhíonn san aonaid speisialaithe.<sup>57</sup> Bheadh saineolaithe as réimsí eile mar chuid de chur chuige ildisciplíneach freisin, amhail staraithe, socheolaithe, taidhleoirí, lucht antraipeolaíochta, speisialtóirí in imscrúduithe airgeadais agus aisghabháil sócmhainní, chomh maith le speisialtóirí i gcúrsaí míleata. Tá eolas speisialta acu ar an dlí idirnáisiúnta agus náisiúnta agus tá siad in ann dul i ngleic leis na dúshlán shonracha a bhaineann le bunchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Cruthaítear leis na torthaí a baineadh amach sna Ballstáit trí aonaid speisialaithe a úsáid go n-éascaítear go mór, le comhar struchtúrtha agus le cruthú aonad tiomnaithe nach mbíonn aon chúraimí eile orthu, daoine atá líomhnaithe i dtaca le bunchoireanna idirnáisiúnta a dhéanamh agus atá ar chríoch AE a shainaithint, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.<sup>58</sup> Le cruthú aonad tiomnaithe freisin féadtar taithí a fháil ar bhonn céimneach agus an t-eolas sin, an dea-chleachtas agus na ceachtanna a fhoghlaimítear a insealbhú san aon aonad amháin. Fiú mura bhfuil gnáth-thaithí ag na Ballstáit le teacht isteach sreabha fada daoine ó limistéir choimhlinte nó mura bhfuil taithí acu go fóill le

<sup>56</sup> Cinneadh Uimh. 2003/335/CGB ón gComhairle maidir le cinedhiothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh a imscrúdú agus a ionchúiseamh, Iris Oifigiúil 118/12, an 14 Bealtaine 2003.

<sup>57</sup> Is minic a bhíonn inniúlacht maidir le céasadh agus fuadach freisin ag aonaid speisialaithe, toisc gur féidir go bhféadfadh na coireanna sin a bheith ina gcoireanna in aghaidh an chine dhaonna agus ina gcoireanna cogaidh, ach freisin, gur féidir iad a ionchúiseamh mar bhunchoireanna idirnáisiúnta saintréitheacha. Sa chás deiridh, bíonn dóchúlacht níos láidre ann go mbeidh toradh rathúil ar an ionchúiseamh.

<sup>58</sup> Idir dara leath na 1990idí agus an bhliain 2010 imscrúduithe agus ionchúisimh a rinne aonaid speisialaithe a bhí i gceist le 18 as 24 ciontú san iomlán i leith coir idirnáisiúnta; féach REDRESS agus FIDH *The Practice of Specialised War Crimes Units*, lch. 18. Tá dul chun cinn suntasach déanta san Fhrainc ag aonad nua a bunaíodh d'ionchúisitheoirí agus do phóilíní san Fhrainc i mí Eanáir 2012 maidir le dul i ngleic le riaráiste cásanna bunchoireanna idirnáisiúnta, arb ann do chuid díobh le fiche bliain anuas. D'éirigh leis ciontú amháin a dhaingniú sa chéad dá bhliain, bailchríoch a chur freisin ar imscrúdú a rinneadh ar bheirt amhrastaigh a mheastar a bheidh chun triail a sheasamh in 2015, agus tús a chur le deich n-imscrúdú nua. *Féach ailt le Delphine Carlens agus Nicolas le Coz in REDRESS, EU Update on International Crimes, mí Iúil 2013*, <http://www.redress.org/downloads/publications/2013-June-Legal-update.pdf> and July 2014, <http://www.redress.org/downloads/1407euupdate.pdf>.

cásanna den chineál sin coireachta, ba cheart speisialtóireacht a bhunú d'ionchúisitheoirí bunchoireanna idirnáisiúnta.

**Na céimeanna a mholtar a dhéanamh:** Ba cheart roinnt beart nithiúil a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta, agus roinnt eile ar leibhéal an Aontais chun na Ballstáit a chumasú aonaid speisialaithe a bhunú nó a fheabhsú tuilleadh:

- (a) Ba cheart do na Ballstáit aonaid speisialaithe a bhunú agus/nó foireann speisialaithe a áirithiú ar gach leibhéal
- ❖ Is tairbheach na haonaid thiomnaithe ó thaobh speisialtóireacht, saineolas, comhar agus malartú faisnéise ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú ar gach leibhéal (forfheidhmiú an dlí, seirbhísí ionchúisimh agus seirbhísí eile amhail seirbhísí inimirce, údaráis MLA agus Aireachtaí Gnóthaí Eachtracha). Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil aonaid speisialaithe acu go fóill spreagadh agus treoir a lorg ó na Ballstáit eile ar bunaíodh aonaid iontu cheana. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh dóthain acmhainní agus ball fóirne ag na haonaid agus go gcuirfear oiliúint rialta agus leordhóthanach orthu.
- (b) Tascfhórsa náisiúnta a bhunú i dtaca le daoine a bheith ag dul saor ó phionós, lena áirithiú go mbeidh comhar agus comhoibriú idir na haonaid speisialaithe
- ❖ Trí thascfhórsa náisiúnta a bhunú i dtaca le daoine a bheith ag dul saor ó phionós, féadfaidh na Ballstáit comhoibriú éifeachtach agus bríoch a áirithiú idir na haonaid speisialaithe sna seirbhísí inimirce, póilíneachta agus ionchúisimh.
  - ❖ Féadfar freisin bunú agus feidhmiú na n-aonad speisialaithe a leabú i straitéis náisiúnta i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne daoine a bheith ag dul saor ó phionós cé go ndearna siad bunchoireanna idirnáisiúnta.
- (c) Ba cheart don Líonra cúnamh a thabhairt do na Ballstáit i mbunú agus cur chun cinn aonad speisialaithe
- ❖ Ba cheart don Líonra cúnamh a thabhairt do na Ballstáit i mbunú na n-aonad sin, faisnéis a chur ar fáil faoi na haonaid speisialaithe atá in áiteanna eile cheana agus faoin gcaoi a n-oibrítear iad, agus comhar ábhartha a éascú i mbunú na n-aonad speisialaithe.

## **Beart 2: Bac a chur ar thearmann shábháilte a bheith ar fáil trí chásanna shainaithint mar aon le faisnéis is ábhartha do chásanna**

**Comhthéacs:** Leis an taithí a fuair na húdaráis náisiúnta atá sa Líonra léiríodh a thábhachtaí atá an fhaisnéis a chuireann na húdaráis inimirce ar fáil do sheirbhísí imscrúdaithe/ionchúisimh. Tá na húdaráis inimirce ar cheann de na chéad phointí iontrála isteach san Aontas Eorpach agus bíonn ról ríthábhachtach acu i sainaithint thosaigh agus in aimsiú tosaigh amhrastach agus iad ag teacht isteach i gcríoch AE nó i láthair uirthi. Ar an gcaoi chéanna is féidir leis na húdaráis inimirce faisnéis a fháil faoi fhinnéithe agus íospartaigh a bhaineann le bunchoireanna idirnáisiúnta.

Maidir leis an deis phraiticiúil nó dhlíthiúil a bheadh ag údaráis um cheartas coiriúil rochtain a fháil ar chomhaid shonracha agus ar fhaisnéis de chuid na n-údarás inimirce ar mhaithe le daoine a liomhnaítear go bhfuil coir déanta acu mar aon le híospartaigh agus daoine a d'fhéadfadh a bheith ina fhinnéithe a shainaithint, leis an deis sin beidh na húdaráis inniúla náisiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh i bhfad níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

**Na céimeanna a mholtar a dhéanamh:** Féadfar roinnt beart nithiúil a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta, agus roinnt eile ar an leibhéal AE, chun feidhm a bhaint as acmhainneacht na n-údarás inimirce rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne daoine a éalaíonn ón bpionós trí chásanna a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint mar aon le faisnéis is ábhartha do chásanna:

**(a)** Ba cheart go gcuirfí oiliúint leordhóthanach ar na húdaráis inimirce

- ❖ Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear dóthain oiliúna ar na húdaráis inimirce agus go mbeidh siad ar an eolas faoin gcastacht ghinearálta fhíorasach agus dhlíthiúil a bhaineann le bunchoireanna idirnáisiúnta ó thaobh cásanna 1F, chomh maith le tuiscint a chur ar fáil ar na tosca is ábhartha i limistéar áirithe coimhlinte.
- ❖ Tá an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) lán-chumasach chun tacaíocht forbartha acmhainne den sórt sin a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta i gcomhar leis an Líonra agus leis na húdaráis inimirce a bhfuil taithí acu i gcúrsaí den chineál sin. Ba cheart do EASO a áirithiú go n-áireofar modúil ábhartha ina chuid ábhar agus gníomhaíochtaí oiliúna.<sup>59</sup>

**(b)** Ba cheart feabhas a chur ar an rochtain atá ag na húdaráis um cheartas coiriúil ar na sonraí atá ag na húdaráis inimirce

- ❖ Ba cheart a cheangal ar na hoifigigh inimirce cúiseanna sonracha a chur in iúl sa chás go ndiúltaíonn siad d'iarrataí ar thearmann, chomh maith le forais dhlíthiúla a sholáthar i leith an diúltaithe sin. Leis na cúiseanna a thugtar méadaítear an deis a bheadh ag údaráis ábhartha fhorfhaidhmiú an dlí amhrastaigh nó finnéithe a shainaithint. Má chuirtear an méid sin i bhfeidhm go comhsheasmhach, beidh na húdaráis in ann na naisc a d'fhéadfadh a bheith idir amhrastaigh agus finnéithe a shainaithint, faoi réir na meán teicniúil a bheadh ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus faoi réir reachtaíocht i dtaca le cosaint sonraí.
- ❖ Ba cheart do na húdaráis náisiúnta a áirithiú gur féidir faisnéis ábhartha a chuardach de réir critéar sonrach ionas go n-éascófar bailiú na faisnéise faoi bhunchoireanna idirnáisiúnta. Ba cheart a áireamh ar na critéir sin dáta iontrála, áit tionscnaimh bheacht agus gairm beatha an duine (lena n-áirítear, mar shampla, an fheidhm a bhí aige san airm nó an leibhéal a bhain dó, nó ainm an údaráis a raibh an duine ag obair dó) agus an limistéar coimhlinte as a dtáinig an duine.

---

<sup>59</sup> Féach láithreán gréasáin EASO, 'An méid a dhéanann muid' ag <http://easo.europa.eu/about-us/tasks-of-easo/training-quality/>.

(c) Ba cheart go nglacadh na Ballstáit cur chuige comhtháite ina mbeadh na húdaráis inimirce agus údaráis fhorfheidhmiú an dlí páirteach<sup>60</sup>

- ❖ Ba cheart go mbeadh 'cur chuige comhtháite' ar bun ag na Ballstáit ina mbeadh na húdaráis inimirce, na póilíní agus na húdaráis ionchúisimh páirteach mar go gcuirfí feabhas mór ar sheasamh údaráis na mBallstát sa troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós le cur chuige mar sin. Le cur chuige mar sin, ba cheart go gceanglófar ar oifigigh inimirce údaráis fhorfheidhmiú an dlí a chur ar eolas nuair a thagann cásanna 1F os a gcomhair<sup>61</sup>. Léirigh Pointí Teagmhála an Líonra go bhfuil gá le hoibleagáid shonrach faisnéis a mhalartú faoi dhaoine a bhfuil amhras fúthu le sreabhadh uathoibríoch na faisnéise a áirithiú<sup>62</sup>. Thairis sin, ba cheart go bhforálfar le cur chuige mar sin do shreabhadh faisnéise ar íospartaigh agus ar na finnétithe a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le coireanna idirnáisiúnta, faoi réir toiliú a fháil ón duine aonair lena mbaineann<sup>63</sup>.

(d) Freagracht agus rannpháirtíocht daoine dlítheanacha i mbunchoireanna idirnáisiúnta

- ❖ Féadfaidh daoine dlítheanacha a bheith rannpháirteach i mbunchoireanna idirnáisiúnta trí thacaíocht nó cabhair a thabhairt do na coireanna sin, trína maoiniú, trína neartú nó trí thairbhe a bhaint astu.<sup>64</sup>

<sup>60</sup> Sna conclúidí ón gcrúinniú a bhí ag an Líonra (7-8 Samhain 2012), agus bunaithe ar an gceistneoir "Rochtain ar chomhaid agus ar shonraí inimirce ó na seirbhísí imscrúdaithe agus ionchúisimh" thug na rannpháirtithe dá n-aire nach ann d'aon chur chuige coitianta i measc na mBallstát ag féachaint don dualgas atá ann cásanna 1F a thuairisciú d'údaráis fhorfheidhmiú an dlí agus do na húdaráis ionchúisimh. Thairis sin, cuireadh i bhfáth sna conclúidí go bhfuil cur chuige láidir comhtháite ag roinnt Ballstát maidir lena áirithiú go ndéanfar cásanna 1F a thuairisciú, agus measann an Líonra gur cleachtas é sin ar cheart a mholadh le go n-áiritheofar dlúthchomhar agus chun go bhféadfaí déantóirí bunchoireanna idirnáisiúnta, finnétithe agus íospartaigh a shainathint ar bhealach níos fearr.

<sup>61</sup> Is iad an Ísiltír, an Pholainn agus an tSualainn agus iad sin amháin, na Ballstáit a bhfuil reachtaíocht glactha acu ina gceanglaítear go sonrach ar na húdaráis inimirce a thuairisciú más ann do chásanna 1F. Tá cleachtas mar sin sa Bheilg agus san Eastóin. Chomh maith leis sin, tá oibleagáidí tuairiscithe mar sin ar bun san Iorua, i gCeanada agus san Eilvéis, ar Stáit iad atá mar bhreathnóirí sa Líonra.

<sup>62</sup> Mar shampla, san Ísiltír, déanann aonad speisialaithe 1F sna húdaráis inimirce comhad a bhaineann le cás 1F a aistriú go huathoibríoch chuig Oifig na nIonchúiseamh. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhad, cinneann Oifig na nIonchúiseamh ar cheart an cás a sheoladh chuig an aonad speisialaithe don imscrúdú atá ag Póilíní na hÍsiltíre. Tá struchtúr foirmiúil i gCeanada ina dtagann na ranna atá rannpháirteach sa chlár náisiúnta do choireanna cogaidh (údaráis inimirce, na póilíní agus an Roinn Dlí agus Cirt) le chéile ar bhonn rialta le measúnú a dhéanamh ar na líomhaintí nua a tháinig isteach i roinn ar bith agus cinneadh a dhéanamh, trí leas a bhaint as critéir bhunaithe, faoin roinn ar cheart a bheith freagrach as an gcomhad. De ghnáth, sanntar na comhaid ina ndéantar na líomhaintí is tromchúisí do ranna póilíní lena n-imscrúdú, agus aistrítear na líomhaintí nach bhfuil comh tromchúiseach sin chuig na ranna inimirce. Cruthaítear leis an gcomhar sin idir na húdaráis inimirce agus seirbhísí fhorfheidhmiú an dlí/seirbhísí ionchúisimh san Ísiltír agus i gCeanada, agus sa Bheilg agus san Iorua freisin, gur fúsa, le comhar struchtúraithe, déantóirí líomhaithe bunchoireanna idirnáisiúnta atá ar chríoch an Aontais a shainathint agus a imscrúdú, agus a ionchúiseamh ina dhiaidh sin.

<sup>63</sup> Mar shampla, iarrann roinn inimirce na Gearmáine go gcomhlánóidh iarrthóirí tearmainn a thagann ón tSiria foirm ina bhfiafraítear an bhfuil aon choireanna cogaidh feicthe acu, agus, más rud é go bhfuil, iarrtar orthu sonraí a chur ar fáil. Féach *"Human Rights Watch, Lámh Fhada an Cheartaí: Ceachtanna ó aonaid speisialaithe na gcoireanna cogaidh san Fhrainc, sa Ghearmáin agus san Ísiltír"*, Meán Fómhair 2014, lch. 10, [http://www.hrw.org/sites/default/files/reports/IJ0914\\_ForUpload.pdf](http://www.hrw.org/sites/default/files/reports/IJ0914_ForUpload.pdf). [D'achtaigh an Danmhairg reachtaíocht in 2008 chun go dtabharfaí rochtain d'údaráis ionchúisimh ar chomhaid inimirce a bhaineann le grúpaí daoine a tháinig ó limistéir choinbhleachta ionas go bhféadfaí daoine a bhfuiltear amhrasach fúthu a shainathint, nó lena n-úsáid in imscrúdaithe leanúnacha le híospartaigh agus finnétithe i mbunchoireanna idirnáisiúnta a shainathint.](#)

<sup>64</sup> Bíonn cuideachtaí agus lucht gnó rannpháirteach i mbunchoireanna idirnáisiúnta a dhéanamh trí na hacmhainní nádúrtha a úsáid ar bhealach neamhdhleathach i dtíortha i mbéal forbartha, agus an t-ioncam as sin a úsáid chun airm a cheannach, airm a úsáidtear ina dhiaidh sin chun mórshárúithe ar chearta an duine nó bunchoireanna idirnáisiúnta a dhéanamh. Modh eile rannpháirtíochta is ea saintreallamh nó táirgí (cosúil le réamhtheachtaithe ceimiceacha nó uirlisí faireachais) a dhíol nó a thabhairt ar cíos go dheachtóireachtaí nó go grúpaí míleata a úsáideann na táirgí sin chun bunchoireanna idirnáisiúnta a dhéanamh. Féach 'Freagracht choiriúil na gcomparáidí agus lucht gnó i gcoireanna idirnáisiúnta tromchúiseacha', doiciméad eolais don 15ú cruinniú den Líonra (29-30 Deireadh Fómhair 2013), Rúnaíocht an Líonra um Chinedhióthú.

Chun cuntasacht na ndaoine dlítheanacha a áirithiú agus deireadh a chur le ciontóirí bheith ag dul saor ó phionós sa réimse seo, ba cheart do na húdaráis náisiúnta dul i mbun shainiú na gcásanna agus na n-imscrúdaithe féideartha i dtéarmaí sárúithe ar chearta an duine, saothrú neamhdhleathach ar acmhainní nádúrtha arb ionann é agus bradú, mar chuid de choireanna cogaidh, sin nó a áirithiú go ndéanfar ionchúiseamh carnach as coireanna eile amhail sciúradh airgid nó sarú ar rialacha trádhaic. Cur chuige an-ábhartha é seo do na cúig cinn de Bhallstáit nach bhforáiltear d'fhreagracht choiriúil na ndaoine dlítheanacha ina ndlí náisiúnta.<sup>65</sup>

(e) Ba cheart do na Ballstáit fógraí idirnáisiúnta na ndaoine atá ag teastáil a scagadh le hais chlár náisiúnta a ndaonra

- ❖ Go hiondúil, déanann na húdaráis náisiúnta fógraí idirnáisiúnta na ndaoine atá ag teastáil, amhail Fógra Dearg INTERPOL, a sheiceáil, tráth a mbíonn eachtrannaigh ag iarraidh teacht isteach ina gcóir. Chomh maith leis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go seiceálfadh na húdaráis náisiúnta Fógraí Dearga INTERPOL go tráthrialta le hais clár na ndaonraí de dhaoine atá i gcóir an Bhallstáit cheana féin nó a bhfuil cónaí orthu ann. Dá ndéanfadh na húdaráis náisiúnta athbhreithniú tráthrialta ar fhógraí nó ar bharántais, ba bheag an seans go bhféadfadh an tAontas Eorpach bheith ina thearmann dóibh siúd atá ar a dteithheadh agus iad freagrach as príomhchoireanna idirnáisiúnta.

### Beart 3: Córas éifeachtach comhair a chur ar bun

**Comhthéacs:** Is céim riachtanach é go ndéanfaí an comhar a éascú maidir le bunchoireanna idirnáisiúnta idir údaráis inimirce, fhorfheidhmiú an dlí, ionchuisimh, CDF, airgeadais agus faisnéise an Bhallstáit, chomh maith leis an gcomhar leis an tsochaí shibhialta, má táthar le deireadh a chur le daoine bheith ag dul saor ó phionós san Aontas Eorpach. Is den riachtanas é go mbeadh cur chuige ildisciplíneach agus comhar ann idir na haonaid atá freagrach as sceimhlitheoireacht, an choiriúlacht eagraithe, an choiriúlacht airgeadais, sárúithe ar thrádhaic, sciúradh airgid, trádáil neamhdhleathach i ndiamaint agus acmhainní nádúrtha eile, gáinneáil ar ainmhithe fiáine, etc., agus príomhchoireanna idirnáisiúnta, ós rud é gur ginearálaithe ní speisialtóirí iad coirpigh, agus mar sin is ceart béim ar leith ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha lena ngintear brabús. Chomh maith leis sin, is féidir cur leis an méid thuas má théitear i gcomhairle le heagraíochtaí neamhrialtasacha ar an leibhéal náisiúnta nó sa Líonra ar mhaithe le faisnéis, scileanna agus saineolas a chomhroinnt.

**Na céimeanna a mholtar a dhéanamh:** Ba cheart do na Ballstáit, an tAontas Eorpach agus Pointí Teagmhála an Líonra roinnt céimeanna nithiúla a chur i gcóir chun comhar éifeachtach a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta:

- (a) Cur chuige ildisciplíneach, imscrúduithe airgeadais, gnóthú sócmhainní agus sárú ar smachtbhannaí idirnáisiúnta, chun tacú leis an troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós
- ❖ Ba cheart imscrúduithe ar bhunchoireanna idirnáisiúnta a chomhlánú le himscrúduithe airgeadais agus gnóthú sócmhainní. Tá na himscrúduithe airgeadais agus an gnóthú sócmhainní tábhachtach

<sup>65</sup> An Bhulgáir, An Ghearmáin, An Ghréig, An Laitvia agus an tSualainn.

ó thaobh cúiteamh a thabhairt do na híospartaigh, ó thaobh foirmeacha breise fianaise a chur ar fáil, chun cur isteach ar lucht coiriúlachta agus mar mhodh athchomhairleach.

- ❖ Le comhar idir na haonaid atá ag plé leis an gcoiriúlacht eagraithe, an trádáil neamhdhleathach in acmhainní nádúrtha, maoirsiú ar shrianta airgeadais, sáruithe ar smachtbhannaí idirnáisiúnta, agus cosc ar thrádáil nó ar thaisteal, is féidir leis na húdaráis náisiúnta faisnéis a fháil, rud a d'fhéadfadh a chur ar a gcumas duine a thabhairt chun na cúirte as coir ar lú a tromchúise, inar leor an fhianaise atá ar fáil do na húdaráis ionchúisimh le léiriú go ndearnadh coireanna eile a bhfuil baint acu le bunchoireanna idirnáisiúnta (e.g. láimhseáil airgid a tháinig ó choireanna nó sciúradh airgid), cé nach leor í lena chiontú as na bunchoireanna féin sin.
- ❖ Ba cheart oiliúint iomchuí a chur ar na geallsealbhóirí uile le go dtuigfidís an tábhacht a bhaineann leis an imscrúdú airgeadais mar chuid den imscrúdú coiriúil. D'fhéadfaí uirlisí atá ann cheana féin a úsáid, leithéidí CARIN (Camden Asset Recovery Inter-Agency Network).

#### **(b) Comhroinnt faisnéise idir údaráis inimirce roinnt Ballstát**

- ❖ Ba cheart do na Ballstáit comhroinnt eolais, scothchleachtas agus faisnéise a éascú i measc na n-údarás inimirce ar fud na hEorpa i ndáil le himscrúdú orthu siúd a bhfuil amhras fúthu i leith bunchoireanna idirnáisiúnta.
- ❖ Ba cheart struchtúr líonrach eile a bhunú d'údaráis inimirce a bhfuil freagracht orthu as cásanna 1F, a bheadh ar aon dul leis an Líonra um Chinedhíothú agus a chabhródh le sinéirgí agus comhar a chruthú, agus le háirithiú go mbeadh cur chuige comhchuibhithe ann ó thaobh iad siúd a bhfuil amhras fúthu, íospartaigh agus finnéithe na mbunchoireanna idirnáisiúnta.<sup>66</sup>

#### **(c) Pointí Teagmhála iomadúla a ainmniú a bhfuil taithí agus saineolas acu**

- ❖ Maidir leis na Pointí Teagmhála a ainmnítear don Líonra um Chinedhíothú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil an taithí chuí acu, go n-ainmneofar iad ar feadh tréimhse shuntasach ama, agus go bhfreastalóidh siad go rialta ar chruinnithe an Líonra.
- ❖ Thairis sin, má dhéantar Pointí Teagmhála iomadúla a ainmniú, lena mbeidh ionadaithe thar ceann na n-údarás ionchúisimh agus fhorfheidhmiú an dlí araon, chomh maith leis na húdaráis CDF, cuirfear a thuilleadh le comhroinnt an tsaineolais, na taithí, na saincheisteanna atá fós le réiteach agus na faisnéise ábhartha.

#### **(d) Ba cheart go bhforbródh na Pointí Teagmhála an teagmháil lena gcomhpháirtithe ar an leibhéal náisiúnta**

- ❖ D'fhéadfadh Pointí Teagmhála an Líonra cur leis an bhfeasacht agus an tuiscint maidir leis an Líonra um Chinedhíothú agus a chuid gníomhaíochta trí fhaisnéis a scaipeadh faoi na hábhair atá á bpléa ag an Líonra chuig baill eile de sheirbhísí fhorfheidhmiú an dlí, ionchúisimh agus inimirce ar an leibhéal náisiúnta.
- ❖ Chomh maith leis sin, tá Pointí Teagmhála an Líonra suite sa chaoi gur féidir leo faisnéis a bhailiú ó na seirbhísí sin agus í a sheoladh ar ais chuig an Líonra, mar shampla, faisnéis faoi na forbairtí dlíthiúla is déanaí, réimsí tosaíochta agus dúshláin oibríochtúla.

<sup>66</sup> Tá a leithéid de líonra ann cheana féin ina bhfuil an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil agus an Nua-Shéalainn rannpháirteach.



- ❖ Ba cheart do Phointí Teagmhála an Líonra comhordú a dhéanamh leis na hoifigigh ó Aireachtaí a mBallstát féin i gcomhlachtaí eile an Aontais, go háirithe an Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta agus Meastóireachtaí (GENVAL), an Coiste Comhordúcháin i réimse an chomhair phóilíneachta agus bhreithiúnais in ábhair choiriúla (CATS), agus folimistéar na Meithle um an Dlí Idirnáisiúnta Poiblí (COJUR-ICC) den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, rud a chuideodh le cur chuige comhleanúnach agus comhsheasmhach a bhunú sa troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, sa bheartas inmheánach agus seachtrach araon.
- ❖ Ba cheart do Phointí Teagmhála an Líonra a áirithiú freisin go ndéanfaí faisnéis a roinnt agus go gcomhoibreoí le pointí fócasacha náisiúnta na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, a mbíonn baint acu den chuid is mó leis an Aireacht Gnóthaí Eachtracha seachas leis na póilíní, na hoifigí ionchúisimh nó an Aireacht Ceartais.

(e) D'fhéadfadh na Ballstáit tascfhórsa náisiúnta a bhunú agus a chur chun cinn i ndáil le daoine bheith ag dul saor ó phionós

- ❖ D'fhéadfadh na Ballstáit comhar a chothú ar an leibhéal idirnáisiúnta trí thascfhórsaí náisiúnta a bhunú don troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós. Le cruinnithe rialta de chuid na dtascfhórsaí náisiúnta, chuirfí leis an chumarsáid oscailte idir na Pointí Teagmhála Náisiúnta agus a gcontrapháirteanna in institiúidí eile de chuid na mBallstát.

(f) 'Painéil rannpháirtíochta comhphobail' a bhunú sna Ballstáit

- ❖ D'fhéadfadh na húdaráis náisiúnta féachaint an bhféadfaí 'painéil rannpháirtíochta comhphobail' a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun a áirithiú go gcomhordófaí gníomhaíochtaí idir na húdaráis ábhartha náisiúnta agus ionadaithe na sochaí sibhialta. Le painéil den chineál sin, d'éascófaí comhroinnt oscailte na faisnéise agus chuirfí ar chumas na n-údarás náisiúnta teagmháil níos dlúithe a dhéanamh le heagraíochtaí neamhrialtasacha atá ag obair le híospartaigh agus finnéithe agus féachaint an bhféadfaí réitigh a fháil agus caidreamh a dhéanamh leis an bpobal maidir le gníomhaíochtaí agus torthaí.

(g) Ba cheart do na Ballstáit féachaint an bhféadfaí foirne comhpháirteacha imscrúdaithe (JIT) a úsáid

- ❖ Ba cheart do na Ballstáit féachaint an bhféadfaí foirne comhpháirteacha imscrúdaithe (JIT) a úsáid chun bunchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Chuir JITanna luach suntasach breise leis na húdaráis fhorfheidhmiú an dlí sna Ballstáit, a bhuí sin leis an tacaíocht ó Eurojust agus Europol agus an maoiniú ón Aontas. Le JIT is féidir dúbailte oibre agus costas a sheachaint; acmhainní pearsanta agus airgeadais a spáráil; bunús dlí a chur ar fáil le haghaidh comhroinnt ghasta sholúbtha na faisnéise; agus srian a chur ar an líon babthaí a ghlaoifí ar fhinnéithe agus ar íospartaigh chun fianaise a thabhairt.

(h) An gá le creat domhanda comhair i measc na Stát

- ❖ Teastaíonn creat domhanda comhair i measc na Stát chun dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn nuair nach ann d'aon mheicníocht don chomhar breithiúnach idir na Stáit.
- ❖ Ba cheart d'institiúidí an Aontais Eorpaigh agus do na Ballstáit leanúint de bheith ag tacú leis an tionscnamh atá á mholadh ag an Ísiltír, an Bheilg, an tSlóivéin, an Airgintín agus an tSeineagáil,



lena bhfuiltear ag féachaint leis an mbearna sa chomhar in ábhair choiriúla a réiteach. Ba cheart tacú go láidir leis an moladh sin sna fóraim réigiúnacha agus domhanda ar fad chun cabhrú leis na húdaráis náisiúnta bheith ag comhoibriú le tríú Stáit ó thaobh CDF agus eiseachadadh.

(i) Faisnéis i dtaobh daoine bheith ag dul saor ó phionós a roinnt ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh

- ❖ Ba cheart faisnéis faoi thorthaí imscrúduithe agus ionchúisimh ar na daoine atá freagrach as bunchoireanna idirnáisiúnta a chur faoi bhráid lucht na cinnteoireachta agus faoi bhráid an phobail freisin. D'fhéadfaí na hiarrachtaí náisiúnta a chomhlánú le nuashonrúcháin a chuirfí ar fáil ar an leibhéal Eorpach trí Rúnaíocht an Líonra.<sup>67</sup>
- ❖ Lena leithéid de thuarascálacha tréimhsiúla ar na forbairtí is déanaí chuig na húdaráis a bhfuil baint acu leis an bpróiseas cinnteoireachta agus reachtaíochta, áirithítear, maidir leis na dúshláin a bhíonn ag na húdaráis ábhartha atá freagrach as sainaithint, imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar na déantóirí líomhnaithe, go gcuirfear san áireamh iad le haghaidh leasuithe reachtacha agus riaracháin, amach anseo, de réir mar is gá.

#### **Beart 4: Feabhas a chur ar an reachtaíocht a bhaineann le himscrúdú, ionchúiseamh agus cúnamh dlíthiúil frithpháirteach CDF**

**Comhthéacs:** Braitheann cumas na mBallstát chun coireanna a imscrúdú agus a ionchúiseamh ar na hoibleagáidí faoi chonarthaí idirnáisiúnta agus faoin dlí gnách lena gcuirtear cosc ar bhunchoireanna idirnáisiúnta bheith curtha chun feidhme ar bhealach cuimsitheach sa dlí náisiúnta. Is den tábhacht freisin é go mbeadh an reachtaíocht sin ann chun an cúnamh dlíthiúil frithpháirteach a éascú.

**Na céimeanna a mholtar a dhéanamh:** Tá réimse de bhearta ar fáil do na Ballstáit chun a áirithiú go bhfuil a gcuid reachtaíochta náisiúnta i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi chonarthaí idirnáisiúnta agus dlí idirnáisiúnta gnách:

(a) A áirithiú go bhfuil reachtaíocht náisiúnta chuimsitheach agus cothrom le dáta ann ar 'bhunchoireanna idirnáisiúnta'

- ❖ Más gá, ba cheart do na Ballstáit an reachtaíocht atá ann cheana a leasú le háirithiú go léireodh sí a gcuid oibleagáidí i ndáil le bunchoireanna idirnáisiúnta faoin dlí idirnáisiúnta gnách agus faoi na conarthaí idirnáisiúnta.<sup>68</sup>
- ❖ Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhforáiltear lena reachtaíocht faoi seach do shainmhíniú ar bhunchoireanna idirnáisiúnta i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus d'fheidhmiú dlínse allchríche, lena n-áirítear dlínse uilíoch, ar na coireanna sin.
- ❖ Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhforáiltear lena reachtaíocht náisiúnta do choincheapa amhail an ceannas nó an fhreagracht uachtarach agus go gcuimsíonn sí na rialacha ábhartha maidir le neamhábharthacht na gcosaintí bunaithe ar orduithe uachtaracha agus maidir le reacht na dtréimhsí.

<sup>67</sup> I ndáil leis an tuairisciú tréimhsiúil chuig Parlaimint na hEorpa, féach Airteagal 3, Cinneadh 2002/494/JHA ón gComhairle.

<sup>68</sup> Féach thuas: Caibidil a hAon, Mír 1.2, 'An oibleagáid atá ar Stáit imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh,'.

(b) A áirithiú nach dtabharfaí an iomarca cosanta do dhaoine aonair leis an reachtaíocht náisiúnta agus leis an gcleachtas i ndáil le díolúintí idirnáisiúnta

- ❖ Ní mór do Bhallstáit agus d'údaráis náisiúnta a ról a imirt chun a áirithiú nach dtabharfaí an iomarca cosanta do dhaoine aonair le díolúintí óna bhfreagracht choiriúil as bunchoireanna idirnáisiúnta.<sup>69</sup>
- ❖ Ba cheart do na Ballstáit treoirlínte náisiúnta a fhorbairt i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus soiléiriú a dhéanamh ar an réimse sin den dlí is infheidhme maidir le hAireachtaí ábhartha agus údaráis an cheartais choiriúil.<sup>70</sup>
- ❖ D'fhéadfadh an Líonra cabhrú chun liosta na scothchleachtas reatha a chur i dtoll a chéile agus chun raon feidhme na rialacha maidir le díolúine idirnáisiúnta a shainiú. D'fhéadfaí na treoirlínte sin a úsáid mar thagairt sna húdaráis náisiúnta i gcásanna éiginnteachta maidir le stádas oifigigh eachtracha a bhfuiltear in amhras fúthu go ndearnadh siad bunchoireanna idirnáisiúnta.

## **Beart 5: An Líonra a fhorbairt mar lárionad saineolais agus é a chur chun cinn laistigh d'fhóirí an Aontais Eorpaigh agus ar fud an domhain**

**Comhthéacs:** Tá ról ríthábhachtach ag an líonra chun a áirithiú go mbeidh an tAontas Eorpach tiomanta don troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós laistigh dá limistéar inmheánach. Beidh méadú agus dul chun cinn an Líonra amach anseo ag brath ar na hacmhainní a shanntar dá Rúnaíocht. Le tacaíocht bhreise, d'fhéadfadh Rúnaíocht an Líonra dul ar aghaidh leis an troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor, ar roinnt bealaí difriúla.

**Na céimeanna a mholtar a dhéanamh:** Tá roinnt beart a d'fhéadfadh an Líonra é féin a dhéanamh, dá mbeadh breis acmhainní ar fáil dó, chun an líonra a fhorbairt mar lárionad saineolais agus chun é a chur chun cinn i bhfóirí an Aontais Eorpaigh agus ar fud an domhain:

(a) Ba cheart comhroinnt na faisnéise idir na Stáit a neartú

- ❖ Ba cheart feidhm comhroinnte faisnéise idirstát an Líonra a mhéadú, lena bhféadfaí níos mó faisnéise a roinnt maidir le, inter alia, an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta infheidhme, nósanna imeachta ábhartha, eolas faoi ionchúisimh nó imscrúduithe reatha, fianaise atá ar fáil agus finnéithe ábhartha, cabhrú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na húdaráis náisiúnta chun déantóirí líomhnaithe a thabhairt os comhair cúirte, agus lena bhféadfadh an Líonra forbairt mar phointe focásach don troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós san Aontas Eorpach.

<sup>69</sup> Phléigh an Líonra ceist na rialacha idirnáisiúnta a bhaineann leis an díolúine idirnáisiúnta agus an cleachtas náisiúnta i ndáil leis sin ag an 14ú cruinniú, an 17-18 Aibreán 2013.

<sup>70</sup> San Ísiltír, cuireadh de chúram ar an gCoiste Comhairleach maidir le Saincheist an Dlí Idirnáisiúnta Poiblí moltaí a ullmhú i ndáil leis an díolúine atá ag oifigigh eachtracha i ndáil le bunchoireanna idirnáisiúnta. Ghlac rialtas na hÍsiltíre na treoirlínte sin agus tá siad infheidhme sna húdaráis náisiúnta ábhartha go léir i gcás éiginnteachta maidir le stádas oifigigh phoiblí eachtracha nó ionadaithe eachtracha. Féach <http://www.cavv-advies.nl/Publications>.

(b) Ba cheart tuairisciú an Líonra agus an comhoibriú le hinstiúidí eile an Aontais Eorpaigh agus le gníomhaithe ábhartha a neartú

- ❖ Ba cheart do Rúnaíocht an Líonra Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochta a ullmhú, ina gcuirfí síos ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na Ballstáit chun cur i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós, tuarascáil a d'fhéadfaí a chur faoi bhráid instiúidí ábhartha an Aontais lena gcoinneáil ar an eolas faoi na forbairtí seo laistigh den Aontas Eorpach.<sup>71</sup> Lena leithéid de thuarascáil, mhéadófaí an fheasacht faoi na fadhbanna a bhíonn ag na húdaráis ábhartha náisiúnta agus bheadh sé ina spreagadh chun na bearnaí agus na heasnaimh reachtaíochta a réiteach.
- ❖ Ba cheart do Rúnaíocht an Líonra doiciméid saineolais a ullmhú i ndáil le saincheisteanna éagsúla a bhfuil baint acu le himscrúduithe agus le hionchúisimh ar bhunchoireanna idirnáisiúnta, ag féachaint le pointí a aimsiú ina bhféadfaí feabhas a chur ar an gcomhar agus ar CDF, agus ag tuairisciú freisin ar fhorbairtí dlí agus forbairtí praiticiúla i ndáil le dlí an Aontais nó leis an dlí idirnáisiúnta.<sup>72</sup>
- ❖ Ba cheart comhoibriú an Líonra le gníomhaithe eile, idir náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta, a mhéadú. Má dhéantar cumarsáid agus comhar gníomhach le roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ag tacú leis an troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós, plé le heagraíochtaí réigiúnacha amhail an tAontas Afracach, ionadaithe ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus ó bhinsí *ad hoc*, ionadaithe Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus INTERPOL, i measc dreamanna eile, is féidir cur chuige níos cuimsithí a bheith ann i ndáil le deireadh a chur le daoine bheith ag dul saor ó phionós.

## Beart 6: Tiomantas athnuaite an Aontais Eorpaigh

**Comhthéacs:** Cé go bhfuil tacaíocht shuntasach tugtha ag an Aontas Eorpach don troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós, d'fhéadfaí fós an tiomantas sin a athnuachan agus tuilleadh cúnamh a chur ar fáil. Níl a thiomantas polaitiúil don troid le feiceáil in aon chlár a rinneadh tar éis Clár Stocólm. Ba mhór an tairbhe é ó thaobh feasacht a mhéadú, cur leis an gcumas comhordúcháin agus tacú le himscrúduithe agus ionchúisimh na n-údarás náisiúnta, dá ndéanfaí ceist déantóirí bunchoireanna idirnáisiúnta bheith ag dul saor ó phionós a chur ar ais i gcoilár an chláir oibre.

**Na céimeanna a mholtar a dhéanamh:** D'fhéadfadh instiúidí an Aontais bearta a dhéanamh chun an tacaíocht a mhéadú don troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor:

- ❖ Ba cheart don Choimisiún Eorpach cuidiú leis an troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós trí mheastóireacht fhoirmiúil a dhéanamh ar chur chun feidhme Chinneadh 2002/494/CGB ón gComhairle agus Chinneadh 2003/335/CGB ón gComhairle sna Ballstáit, de réir mar a fhoráiltear i gClár Stocólm. D'fhéadfaí réimsí a léiriú sa mheastóireacht sin ina bhféadfaí feabhas a bhaint amach agus d'fhéadfaí treoir a chur ar fáil don Líonra agus dá Rúnaíocht.

<sup>71</sup> Airteagal 3 de Chinneadh 2002/494/CBES ón gComhairle.

<sup>72</sup> Tá tuilleadh smointe agus moltaí maidir le forbairt an Líonra le fáil i dtuarascáil Human Rights Watch, 'Lámh Fhada an Cheartais: Ceachtanna ó aonaid speisialaithe na gcoireanna cogaidh san Fhrainc, sa Ghearmáin agus san Ísiltír', Meán Fómhair 2014, lch. 86-90, [http://www.hrw.org/sites/default/files/reports/IJ0914\\_ForUpload.pdf](http://www.hrw.org/sites/default/files/reports/IJ0914_ForUpload.pdf).

- ❖ Ba cheart na sainorduithe atá ag Eurojust agus Europol a leathnú d'fhonn na bunchoireanna idirnáisiúnta a chuimsiú, lena mbeadh na heagraíochtaí sin in ann oibriú leis an Líonra chun an tacaíocht leis na húdaráis náisiúnta a uasmhéadú.<sup>73</sup>
- ❖ Ba cheart don Aontas Eorpach féachaint an bhféadfaí Plean Gníomhaíochta don Troid i gcoinne Daoine bheith ag dul Saor ó Phionós laistigh den Aontas Eorpach a ullmhú, sin nó acmhainní a chur ar fáil dá ullmhúchán, plean a bheadh ina uirlis thábhachtach chun an comhar a spreagadh agus chun scothchleachtais a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach chun cur le himscrúduithe agus ionchúiseamh i ndáil le bunchoireanna idirnáisiúnta.
- ❖ Ba cheart do Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) Pharlaimint na hEorpa, i gcomhar leis an gCoiste um Chearta an Duine, éisteacht bhliantúil a reáchtáil i bParlaimint na hEorpa maidir leis 'an troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós laistigh den Aontas Eorpach.'
- ❖ Ba cheart don Choimisiún Eorpach féachaint an bhféadfaí maoiniú breise a thabhairt chun tacú leis na húdaráis náisiúnta agus aonaid speisialaithe á mbunú acu.
- ❖ Ba cheart don Aontas Eorpach a áirithiú go mbeadh maoiniú ar fáil don oiliúint agus don fhorbairt acmhainní, lena n-áirítear tionscadail agus cláir oiliúna d'oifigigh fhorfheidhmiú an dlí, d'ionchúisitheoirí, lucht CDF, do bhreithiúna, laistigh den Líonra Eorpach don Oiliúint Bhreithniúnach (ETJN) nó den Choláiste Eorpach Póilíneachta (CEPOL), ina mbeifí ag díriú ar an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus ar an dlí coiriúil idirnáisiúnta.

## **Beart 7: Acmhainní a fhorbairt agus feachtas a mhéadú i measc na n-údarás náisiúnta ábhartha**

**Comhthéacs:** Bíonn deacrachtaí fós ag roinnt mhaith Ballstát mar gheall ar easpa saineolaithe a bhfuil saineolas acu i mbunchoireanna idirnáisiúnta. Is den riachtanas é go mbeadh sainoiliúint ar fáil do dhaoine atá ag obair le lucht déanta coireanna idirnáisiúnta nó le híospartaigh na gcoireanna sin. Is samplaí iad EJTN, EASO agus CEPOL d'ardáin a d'fhéadfaí a úsáid chun comhroinnt faisnéise agus oiliúint a chur ar fáil do chleachtóirí sa troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós ar leibhéal na mBallstát.<sup>74</sup>

<sup>73</sup> Moltar síneadh a chur leis an réimse coireanna a bhféadfadh Eurojust agus Europol inniúlacht a bheith acu ina dtaobh sna dréacht-Rialacháin nua maidir le Eurojust agus Europol. Áirítear ar an liosta sin freisin coir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh. Faoi réir na gcaibidlíochtaí agus nuair a ghlacfar na Rialacháin nua maidir le Eurojust agus Europol, d'fhéadfaí raon feidhme ábhartha a gcuid inniúlachtaí a leathnú chun bunchoireanna idirnáisiúnta a chumhdach. Ina dhiaidh sin, ba cheart don Líonra, do Eurojust agus do Europol a sainorduithe agus a gcuid cúraimí a idirnascadh chun an tacaíocht a thugtar do chleachtóirí a uasmhéadú agus bunchoireanna idirnáisiúnta á n-imscrúdú agus á n-ionchúiseamh acu. Ba cheart go mbeadh na trí chomhlachtaí in ann oibriú go comhthéorach laistigh dá gcuid sainorduithe faoi seach chun seasamh an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn sa troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós. Tá na moltaí ar fáil ar <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=COM:2013:0173:FIN:EN:PDF> agus <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=COM:2013:0535:FIN:EN:PDF>.

<sup>74</sup> *Mar shampla*, d'ullmhaigh an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn dhá thuarascáil 'Tír Tionscnaimh' faoin Afganastáin: 'Insurgent strategies — intimidation and targeted violence against Afghans', Dec. 2012, [http://easo.europa.eu/wp-content/uploads/192143\\_2012\\_5967\\_EASO\\_Afghanistan\\_II.pdf](http://easo.europa.eu/wp-content/uploads/192143_2012_5967_EASO_Afghanistan_II.pdf), and 'Taliban Strategies – Recruitment', July 2012, [http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/what-we-do/policies/asylum/european-asylum-support-office/bz3012564enc\\_complet\\_en.pdf](http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/what-we-do/policies/asylum/european-asylum-support-office/bz3012564enc_complet_en.pdf).

**Na céimeanna a mholtar a dhéanamh:** D'fhéadfaí bearta a dhéanamh chun an oiliúint speisialaithe a mhéadú sna Ballstáit, rud a chabhródh freisin le fadhb na heaspa oiliúna agus na heaspa sainfhoirne sna Ballstáit.

(a) A áirithiú go mbeidh oiliúint ar fáil maidir le tearmann, agus maidir leis an gcomhar breithiúnach agus póilínreachta

- ❖ Teastaíonn sainoiliúint ó na foirne atá ag plé le sainaitheint, imscrúdú agus ionchúiseamh na ndéantóirí líomhnaithe bunchoireanna le go dtuigfidh siad na castachtaí firiciúla agus dlíthiúla a bhaineann leis an gcoir, leis an gcomhthéacs inar rinneadh í, agus foinsí éagsúla an dlí is infheidhme.
- ❖ Dá gcruthófaí institiúidí nó cláir speisialaithe oideachais a bheadh ag díriú ar ionchúiseamh na mbunchoireanna idirnáisiúnta, ba mhór an chabhair é sin chun an easpa reatha oiliúna agus an easpa sainfhoirne a chúiteamh sna Ballstáit. Caithfear cláir oiliúna saincheaptha a fhorbairt freisin do dhlíodóirí cosanta agus d'ionadaithe dlíthiúla na n-íospartach agus do bhreithiúna i gcásanna de bhunchoireanna idirnáisiúnta.

(b) Tacaíocht ó shaineolaithe

- ❖ Ba cheart do na húdaráis náisiúnta féachaint an bhféadfaí tacaíocht a iarraidh ar eagraíochtaí atá sainoilte ó thaobh imscrúdú ar choir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta, coireanna cogaidh agus sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, amhail Mhearfhreagairt cheartais (JRR).<sup>75</sup>

(c) Lá Eorpach i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós i ndáil le bunchoireanna idirnáisiúnta

- ❖ D'fhéadfaí tionscnamh a sheoladh ar leibhéal an Aontais chun ócáid speisialta comórtha a bhunú d'íospartaigh bunchoireanna idirnáisiúnta, lena bhféadfaí feasacht a mhéadú agus cur leis an troid i gcoinne daoine bheith ag dul saor ó phionós, ar aon dul leis an Lá Cuimhneacháin Uile-Eorpach ar íospartaigh uile gach réimis ollsmachtacha agus údarásaíoch, le Lá Frithgháinneála an Aontais Eorpaigh agus leis an Lá Domhanda don Cheartas Idirnáisiúnta. Lena leithéid d'ócáid, mhéadófaí feasacht faoi na fadhbanna is dual do na hiarrachtaí chun iad siúd atá freagrach as bunchoireanna idirnáisiúnta a thabhairt os comhair cúirte.

## **Beart 8: Cearta íospartaigh agus finnéithe na mbunchoireanna idirnáisiúnta, tacú leo agus iad a chosaint**

**Comhthéacs:** Tá fadhbanna ar leith ag roinnt le híospartaigh agus finnéithe na mbunchoireanna idirnáisiúnta do na húdaráis imscrúdaithe agus ionchúisimh. Le ceisteanna sábháilteachta, an riosca go ndéanfaí iad a thrámatú, agus an gá le hionadaíocht dhlíthiúil in imeachtaí, caithfidh na húdaráis

<sup>75</sup> Is saoráid idir-rialtasach é an JRR trínar féidir gairmithe ceartais choiriúil a shannú go mear ó uainchlár cúltaca. Is saineolaithe iad sin atá oile ar an imscrúdú ar choir an chinedhíothaithe, ar choireanna in aghaidh na daonnachta agus ar choireanna cogaidh agus ar shárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar <http://www.justicerapidresponse.org/>.

náisiúnta aird ar leith a thabhairt ar pháirt na n-íospartach agus na bhfinnéithe in imscrúduithe agus in ionchúisimh.

**Na céimeanna a mholtar a dhéanamh:** D'ainneoin na ndúshlán atá i gceist, ba cheart do na húdaráis náisiúnta bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar chearta agus riachtanais na n-íospartach agus na bhfinnéithe.

**(a)** Ba cheart go n-áireofaí sa straitéis ionchúisimh straitéis leormhaith for-rochtana d'íospartaigh

- ❖ Ba cheart do na Ballstáit rialacha soiléire a bheith acu maidir le for-rochtain agus iarrachtaí cumarsáide d'íospartaigh i ndáil le rialacha nó imscrúduithe atá ar siúl faoi láthair. Leis na hiarrachtaí sin, ba cheart freisin peirspictíocht agus cearta na n-íospartach a chomhtháthú sna straitéisí imscrúdaithe agus ionchúisimh.

**(b)** Ba cheart do na húdaráis náisiúnta faisnéis a chur ar fáil maidir le cearta na n-íospartach agus na socrúithe cosanta

- ❖ Ba cheart go gcuirfí íospartaigh na mbunchoireanna idirnáisiúnta ar an eolas ar bhealach leordhóthanach an bhforáiltear le dlínse an Stáit imscrúdaithe d'íospartaigh a bheith páirteach sna himeachtaí sin. Ar an gcuma chéanna, ba cheart faisnéis a sholáthar maidir leis na socrúithe le haghaidh chun na finnéithe a chosaint i gcásanna mar sin.
- ❖ Ní mór do na Ballstáit a áirithiú freisin go mbeidh leibhéal cuí cosanta ar fáil i gcoinne bagairtí, trámataithe agus ath-íospartaithe i gcásanna ina bhfuil an t-íospartach a thabhairt mar pháirtí sna himeachtaí sin, nó chun fianaise a thabhairt i gcoinne a lucht a ngéarleanúna. Leis na nósanna imeachta sin, ba cheart an bunleibhéal cosanta a thabhairt d'íospartaigh de réir na Treorach lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta.<sup>76</sup>

---

<sup>76</sup> Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch.57).